LAW REFORM
COMMISSION/COIMISIÚN UM
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2008

LAW REFORM
COMMISSION/COIMISIÚN UM
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2008

## AN COIMISIÚN: COIMISINÉIRÍ AGUS FOIREANN

Ar an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí tá Uachtarán, Coimisinéir lánaimseartha agus triúr Coimisinéirí páirtaimseartha.

**An Breitheamh Catherine Uasal McGuinness**
*Uachtarán*

**Patricia T Rickard-Clarke** BCL, Aturnae
*Coimisinéir Lánaimseartha*

**An tOllamh Finbarr McAuley** BCL, LLB, MPhil, LLD,
Ollamh Jean Monnet le Dlí Coiriúil, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
*Coimisinéir Páirtaimseartha*

**Marian Shanley** BCL, Aturnae
Comhalta den Choimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú
*Coimisinéir Páirtaimseartha*

**Donal O'Donnell** Abhcóide Sinsearach
*Coimisinéir Páirtaimseartha*

## FOIREANN AN CHOIMISIÚIN I 2008

Stiúrthóir Taighde
**Raymond Byrne** BCL, LLM (NUI), Abhcóide

Bainisteoir Tionscadail do Athráiteas ar an Dlí Reachtúil
**Alma Clissmann** BA (Mod), LLB, Dip Eur Law (Bruges), Aturnae

Bainisteoir Tionscadail do Eolaire Reachtaíochta
**Heather Mahon** LLB (ling. Ger.),M. Litt (TCD), Abhcóide

Taighdeoirí Dlí *
**John P Byrne** BCL, LLM (NUI), Abhcóide
**Chris Campbell** B Corp, LLB (NUI), Diop sa Gh (NUI)
**Áine Clancy** BCL, LLM (NUI)
**Frances Colclough** BCL, LLM (NUI)
**Margaret Devaney** LLB (NUI), LLM (TCD)
**Kate Dineen** LLB, LLM (Cantab)
**Siobhan Drislane** BCL, LLM (NUI)
**Kristian Douglas** BA (Law and History) (Oxon), LLM (TCD)
**Elizabeth Fitzgerald** LLB (TCD), MSc (Edinburgh), Abhcóide
**Philip Flaherty** BCL, LLM (NUI), Diop sa Gh (NUI)
**Rachel Kemp** BCL (Law and German), LLM (NUI)
**John Kenny** LLB (TCD), LLM (Cape Town)
**Eleanor Leane** LLB, LLM (NUI)
**Eimear Long** LLB, Abhcóide
**Margaret Maguire** BCL, LLM (NUI)
**Eóin McManus** BA, LLB (NUI), LLM (Lond)
**Richard McNamara** BCL, LLM (NUI)
**Catriona Moloney** BCL, LLM (NUI)
**Jane Mulcahy** BCL (Law and German), LLM (NUI)
**Claire Murray** BCL (NUI) Abhcóide
**Gemma Ní Chaoimh** BCL, LLM (NUI)
**Verona Ni Dhrisceoil** BCL (Dlí agus Gaeilge), LLM (NUI)
**Brid Nic Suibhne** BA, LLB (NUI), LLM (TCD), Diop sa Gh (NUI)
**Jane O'Grady** BCL, LLB (NUI), LPC (College of Law)
**Charles O'Mahony** BA, LLB (NUI), LLM (Lond), LLM (NUI)
**Tina O'Reilly** BCL (Law and German), LLM (NUI)
**Gerry Sadlier** BCL (NUI)
**Joseph Spooner** BCL (Law with French) (NUI), Dip French and European Law (Paris II) BCL (Oxon)
**Ciara Staunton** BCL, LLM (NUI), Diop sa Gh (NUI)
**Nicola White** LLB, LLM (Dub), Abhcóide (NY)
**Joanne Williams** LLB, LLM (NUI), Abhcóide

## FOIREANN RIARACHÁIN:

Ceannasaí Riaracháin agus Forbairt:
John Quirke (go dtí Feabh. 2008)
John Glennon (go dtí D. Fomhar 2008)

Ardoifigeach Feidhmiúcháin
Alan Heade

Oifigigh Feidhmiúcháin
Deirdre Bell
Simon Fallon
Darina Moran
Peter Trainor
Emma Kenny

Oifigeach Faisnéise Dlí
Conor Kennedy, BA, H Dip LIS

Catalógaí
Eithne Boland, BA (Hons), H Dip Ed, H Dip LIS

Oifigigh Cléireachais
Ann Browne
Ann Byrne
Liam Dargan
Sabrina Kelly

# GAILEARAÍ

AR BARR **Launch of Consultation Paper on Alternative Dispute Resolution:** Patricia T Rickard Clarke Full Time Commissioner, The Hon. Mr Justice Peter Kelly, Mrs Justice Catherine McGuinness President of the Law Reform Commission, Nicola White Legal Researcher, Donal O'Donnell Part Time Commissioner // AR BUN **Consultation Expert Evidence:** Ray Byrne Director of Research Law Reform Commission, Patricia T Rickard Clarke Full Time Commissioner, Mrs Justice Catherine McGuinness President of the Law Reform Commission, The Hon. Ms Justice Fidelma Macken

AR BARR **Inchoate Offence Consultation Paper Launch:** L-R: Ray Byrne Director of Research of the Law Reform Commission, Patricia T Rickard Clarke Full Time Commissioner, the Hon Mr. Justice Garrett Sheehan, Mrs Justice Catherine McGuinness President of the Law Reform Commission, David Prendergast Legal Researcher // AR BUN **Launch of Consultation Paper on Legislation Directory: Towards a Best Model Practice:** Alma Clissmann Project Manager Restatement, Paul Gallagher SC Attorney General, Mrs Justice Catherine McGuinness President of the Law Reform Commission, Heather Mahon Project Manager Legislation Directory




AR BARR AR CHLÉ **Launch of Report on Inter Country Adoption:** Paul Gallagher Attorney General SC and Mrs Justice Catherine McGuinness President of the Law Reform Commission // AR BARR AR DHEIS **Trust Law Report Launch:** L-R: Ray Byrne Director of Research Law Reform Commission, Mrs. Justice Catherine McGuinness President of the Law Reform Commission, Aoife McCarthy Legal Researcher, The Hon. Mrs Justice Mary Finlay – Geoghegan Judge of the High Court and Patricia T Rickard Clarke Full Time Commissioner // AR BUN Senator Eugene Regan, Garda Commissioner Fachtna Murphy and The late Mr Justice Kevin Haugh

AR BARR **Speakers at annual conference:** L-R: Dr. Mary Keys Lecturer NUI Galway, Dr. Doiminic O Brannagáin Consultant Physician in Palliative Medicine, Ciara Staunton Legal Researcher, Dr. Katherine Froggatt Lecturer University of Lancaster, Máire Hoctor T.D. Minister of State at the Department of Health and Children, Mrs Justice Catherine McGuinness President of the Law Reform Commission, Marian Shanley Part Time Commissioner of the Law Reform Commission, Patricia T Rickard Clarke Full Time Commissioner, Kate Dineen Legal Researcher // AR BUN **Members of the Commission Staff in 2008**

# CLÁR ÁBHAIR

RÉAMHFHOCAL 13

CAIBIDIL 1
AN COIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ 15
Feidhmeanna An Choimisiúin 15
Ráiteas Straitéise 2006-2008 17
Modhanna oibre agus Próiseas Comhairliúcháin 19

CAIBIDIL 2
FOILSEÁCHÁIN AN CHOIMISIÚIN AGUS CLÁR
ROLLACH AN CHOIMISIÚIN I 2006 21
Réamhrá 21
1. An Córas Dlí agus an Dlí Poiblí 22
2. Dlí na Fianaise 24
3. Dlí Coiriúil 25
4. Dlí Talún agus Dlí Iontaobhas 27
5. Dlí Teaghlaigh 30
6. Grúpaí Sonracha agus Soghonta i sochaí atá ag athrú 31
7. Teicneolaíocht, nuálaíocht agus Dlí T-Aonan 32
8. Dlí Conartha agus dlí na n-oibleagáidí 33
9. Dlí Cánach 34
10. An tAcht um Forálacha Ilghnéitheacha 2008 34

CAIBIDIL 3
ATHRÁITEAS DLÍ REACHTÚIL 35

CAIBIDIL 4
EOLAIRE REACHTAÍOCHTA 36

**CAIBIDIL 5**
**RIARACHÁN** **37**
Réamhrá 37
Coimisiún 37
Foireann Taighde agus Leabharlann 38
Aireadas 39
Socruithe Rialachais 40

**Aguisín A**
An Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014 41

**Aguisín B**
Grúpaí Oibre agus Boird Tionscadail 43

**Aguisín C**
Comhdhálacha agus Cuairteanna 45

**Aguisín D**
Liosta d'Fhoilseacháin an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí 46

**Aguisín E**
Cairt Eagraíochta 53

# RÉAMHFHOCAL

Is mór an pléisiúr dom Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin do 2008 a chur i láthair, thar ceann an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí. Bliain tháirgiúil agus ghnóthach a bhí i 2008 don Choimisiún, tar éis dúinn tús ár dtríú Clár um Athchóiriú Dlí 2008-2014 agus foilseachán sé thuarascál agus cúig Pháipéar Comhairliúcháin a fhéiceáil.

Tosaíodh obair freisin i 2008 ar 20 den 37 tionscadal atá sa tríú clár. Léirítear leis seo gealltanas an Choimisiúin chun an obair a shannadh dúinn lastigh den seacht mbliana an chláir a chomhlánú. Choinnigh an Coimisiún a fhócus ar sar-tháirgeacht a thabhairt ar aird, a chuirfeadh leis an bpróiseas reachtach. Ó thaobh tógraí an Choimisiúin i 2008 a chur i bhfeidhm de, bhí baint ag dhá Acht a rith ag an Oireachtas le cur i ngníomh moltaí an Choimisiúin, faoi mar a ritheadh seacht mBille, go hiomlán nó go páirteach, ar mholtaí an Choimisiúin.

Le roinnt blianta anuas, tá sé tuairiscithe ag an gCoimisiún ar a chuid oibre maidir le hAosaigh Shoghonta agus an Dlí. Cuireann sé fáilte mar sin go háirithe roimh an bhfoilseachán i mí Mheán Fómhair den scéim do bhille inniúlachta intinne 2008, a Soláthróidh nuashonrú fíor-riachtanach chun reachtaíocht ó 1871 a dátú.

Tá áthas ar an gCoimisiún freisin chun an foilseachán úrnua ar bhille Fhorbairtí Ilaonad 2009 a fhéiceáil a leanann na moltaí atá foilsthe ag an gCoimisiún in a thuairiscí ar Fhorbairtí Ilaonad i mí Mheitheamh 2008. Mar gheall ar cheisteanna dlí éagsúla a bhaineann leis an tionscadal seo, lean an Coimisiún ar aghaidh i 2008 in a phairtíocht, ní amháin le daoine atá bainteach go díreach le forbairt Ilaonad ach le cumainn Ionadaíocha, cleachtóirí, institiúidí airgeadais agus comhlachtaí poiblí lena n-áirítear An tÚdarás Clárúcháin Maoine, an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí, Údarás Rialála Seirbhísí Maoine náisiúnta, na Coimisinéirí Ioncaim agus Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Bhí athchóiriú dlí ar oileán na hÉireann tuilleadh comhdhlúite an bhliain seo chaite le bunú an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí Thuaisceart Éireann, faoi cheannaireacht an Breitheamh Onórach Morgan. Bhí an Coimisiún onóraithe leis an gcuireadh go hÁras an Uachtaráin ó Mary McAleese chun an ócáid seo a mharcáil. Taistlealóidh muid go Béal Feirste i 2009 don chruinniú comhlachtaí athchóirithe dlí na bliana seo.

D'fhócasaigh Comhdháil Bhliantúil Gheallsealbhóirí an Choimisiúin 2008 ar Réamthreoracha Cúraim agus ceadaíodh miondíospóireacht ar Pháipéar Comhairliúcháin an Choimisiúin ar an ábhar seo, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair. Molann an páipéar go sealadach go bhfuil gá ag reachtaíocht freastal ar dhaoine a dheanann réamthreoracha cúraim, cibé acu de bhriathar nó i scríbhinn, agus leanfaimid suas le tuairisc ar an ábhar i 2009.

Mar Uachtarán, ba mhaith liom arís m'ómós a chur in iúl do gach duine ba chionchúis d'obair na bliana fhíor-ghnóthach. Tá foireann tiomanta ag an gCoimisiún, idir thaighde agus riaracháin, a dheanann cinnte go bhfanann obair an Choimisiúin ábhartha do sochaí na hÉireann, agus go bhfuil sí de chaighdeán an-ard (rud atá soiléir ó chur i ngníomh go leanúnach ár moltaí ag an Rialtas agus an Oireachtas). De bhreis ar sin, tá buíochas agus moladh tuillte do na daoine

a dtogann a gcuid ama go héasca agus a gcuid taithí chun cuidiú leis an gCoimisiún chun a fheidhmeanna a dhéanamh i 2008. Caithfidh mé lua chomh maith, go bhfuilimid buíoch den ardchaighdeán chomhoibrithe a fuaireamar ó na ranna rialtais,agus támid buíoch den tacaíocht leantach an Ard-Aighne agus an fhoireann go léir in a oifig.

**Catherine McGuinness**

UACHTARÁN

# CAIBIDIL 1

# AN COIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

## FEIDHMEANNA AN CHOIMISIÚIN

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún bunaithe ag an *Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975*. Deir Acht 1975 gurb é ról an Choimisiúin an dlí a choimeád faoi bhreithniú agus taighde a sheoladh d'fhonn an dlí a athchóiriú, agus deir sé go bhfolaíonn athchóiriú dlí:

- forbairt an dlí
- a chódú (lena n-áirítear a shimpliú agus a fhreacnairciú) agus
- athbhreithniú agus comhdhlúthú ar an dlí reachtúil

### Cláir Athchóirithe Dlí agus Iarratais ón Ard-Aighne

D'eascair obair thaighde an Choimisiúin, go dtí le déanaí, as dhá phríomhfhoinse: sa chéad áit, faoi Chlár Athchóirithe Dlí ullmhaithe ag an gCoimisiún agus aontaithe ag an Rialtas agus leagtha faoi bhráid Thithe an Oireachtais faoi Acht 1975, agus sa dara háit, de réir iarratais ón Ard-Aighne faoi Acht 1975.

Ullmhaíonn an Coimisiún Clár Athchóirithe Dlí, ceadaíonn an Rialtas é agus leagtar faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais é de réir Acht 1975. Bhí an *Chéad Chlár Athchóirithe Dlí* in áit idir 1977 agus 1999. Cuireadh an *Dara Clár Athchóirithe Dlí 2000-2007*, a cheadaigh an Rialtas i 2000, ina áit sin. Chonacthas céad bhliain An Tríú Clár um Athchóiriú Dlí 2008-2014 i 2008.

### Athráiteas ar an Dlí Reachtúil agus Eolaire Reachtaíochta

Ó 2006, tá scóip obair thaighde an Choimisiúin leathnaithe go dhá réimse nua gníomhaíochta, Athráiteas ar an Dlí Reachtúil agus Eolaire Reachtaíochta (ar a dtugtaí Táblaí Croineolaíocha na Reachtanna roimhe seo). Séard atá i gceist le Athráiteas ar an Dlí Reachtúil ná na leasaithe ar fad atá déanta ar Acht a chorprú in aon téacs amháin, ionas go mbeadh teacht níos fearr ar reachtaíocht. Is treoir inchuardaithe go leictreonach d'athruithe reachtaíochta atá san Eolaire Reachtaíochta.

Tá na róil nua sin ag teacht go hiomlán le cúram athchóirithe dlí an Choimisiúin, a fholaíonn (mar atá luaite) de réir Acht 1975 códú an dlí, lena n-áirítear go háirithe a shimpliú, agus athbhreithniú agus comhdhlúthú ar an dlí reachtúil. Tuigeann an Coimisiún freisin go bhféadfadh na róil sin cuidiú le polasaí *Rialáil Níos Fearr* an Rialtais, lena n-áirítear an tionscadal um Atchóiriú an Dlí Reachtúil Réamh-1922, a raibh an *tAcht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2007* mar léiriú air le déanaí. I gCaibidilí 3 agus 4, pléann an Coimisiún na forbairtí i 2007 i dtaca leis na réimsí nua oibre sin.

### Forbhreathnú ar ábhar an Tríú Clár

Tá 37 tionscadal liostaithe sa Tríú Clár Athchóirithe Dlí, ina measc iad seo a leanas:

- Athchóiriú ar nósanna imeachta an Fhorfheidhmiú Fiacha
- Réiteach Malartach ar Dhíospóidí
- Athchóiriú ar Achtanna na gCúirteanna
- Fianaise Shaineolach
- Dlí um Chionta Gnéasacha
- An t-íospartach agus An Córas Ceartais Coiriúil

- Léarscáil Bhóithre ríomhThíolactha
- Gnéithe Dlíthiúla de Ghaoil Theaghlaigh lena n-áirítear cearta agus freagracha na n-aithreacha agus na seantuismitheoirí
- Páistí agus an Dlí, lena n-áirítear aontú faoi chóireáil liachta
- Bitheitic: Réamthreoracha Cúraim
- Conarthaí Arachais

Ina Réamhfhocal don *Tríú Clár*, dúirt Uachtarán an Choimisiúin, an Breitheamh Uasal Catherine McGuinness:

> *"Aontaíonn an Coimisiún le mian gach duine a bhí páirteach in ullmhú an Tríú Clár go gcaithfidh sé freagairt do riachtanais Éire an lae inniu. Is léiriú iad na topaicí atá sa Chlár seo ar shochaí atá i bpróiseas mhórathraithe faoi láthair... Aithnímid go mbraithfidh cur i gcrích rathúil na dtionscadal seo ar chomhairliúchán le lucht dlí, le saineolaithe i ngairmeacha eile, agus le heagraíochtaí agus páirtithe leasmhara."*

Tá tús curtha ag an gCoimisiún anois leis an bpróiseas scrúdú a dhéanamh ar 20 den 37

- tionscadail dhúshlánacha éagsúla atá san áireamh sa *Tríú Clár Athchóirithe Dlí*.

## RÁITEAS STRAITÉISE 2006-2008

I 2006, chuir an Coimisiún bailchríoch ar a *Ráiteas Straitéise 2006-2008* a leagann síos frámaíocht d'obair an Choimisiúin thar tréimse trí bliana fíorthábhachtach a thrasnaigh críochnú an Dara Clár agus ullmhú an Tríú Clár. Bhí sé mar oidhre ar Phleananna Straitéise agus Gnó an Choimisiúin do 1999-2002 agus 2003-2005.

### An doiciméad oibre is tábhachtaí don Choimisiún

Chuir an Ráiteas Straitéise béim ar an ngá atá le bheith ag breathnú chun cinn agus leas a bhaint as modhanna oibre reatha chun na spriocanna atá leagtha síos i gClár reatha Athchóirithe Dlí an Choimisiúin a bhaint amach – agus ról nua an Choimisiúin in Athráiteas an Dlí Reachtúil, a pléadh thuas, a chur san áireamh.

Bhí léargas ann freisin ar thuairimí an Choimisiúin agus na hardbhainistíochta ar cad is gá a dhéanamh chun an leas is fearr a bhaint as ról agus obair lárnach an Choimisiúin i dtaca le hathchóiriú dlí agus a chinntiú go bhfeidhmíonn an eagraíocht chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus is féidir agus go mbaintear an úsáid is fearr as na hacmhainní atá ar fáil. Bhíothas ag iarraidh agus an Ráiteas á dhréachtú a chinntiú go mbeadh ciall réalaíoch leis don eagraíocht agus dá foireann, go mbeadh cur síos ann ar eochairthosaíochtaí an Choimisiúin do 2006-2008 agus go lagfadh sé síos freagrachtaí agus cuntasachtaí soiléire d'fhonn na tosaíochtaí sin a bhaint amach. Cuireadh an mheastóireacht ón gCoimisiúin ar éifeachtact an Ráitis Straitéise le forbairt an ráitis nua do 2009-2001, a réadtiomnú go luath in 2009.

### EOCHAIRCHUSPÓIRÍ

Leag Ráiteas Straitéise an Choimisiúin síos i dtús ama cúig Eochairchuspóir a bheadh le cur i gcrích aige i saolré an Ráitis. I 2007, chuir an Coimisiún Eochairchuspóir 6 leo chun a ról nua i dtaca leis an Eolaire Reachtúil a léiriú. Is iad an sé chuspóir atá mar chuid den Ráiteas Straitéise anois:

#### EOCHAIRCHUSPÓIR 1

Scrúdú a chur chun cinn agus a chur i gcrích go hardchaighdeán ar: (1) na tionscadail reatha atá roghnaithe as an 37 Tionscadal sa *Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014*; (2) na tionscadail atá fágtha ón *Dara Clár Athchóirithe Dlí 2000-2007*; agus (3) na réimsí áirithe dlí ar iarr an tArd-Aighne ar an gCoimisiún iad a scrúdú.[1]

#### EOCHAIRCHUSPÓIR 2

Tríú Clár Athchóirithe Dlí a fhorbairt agus an clár sin a chur faoi bhráid an Taoisigh le ceadú ag an Rialtas.

#### EOCHAIRCHUSPÓIR 3

Na freagrachtaí a chuir an tArd-Aighne ar an gCoimisiún i 2006 i dtaca le hathráiteas ar an dlí reachtúil a fhorfheidhmiú.

### EOCHAIRCHUSPÓIR 4

A chinntiú go n-oibríonn réimse taighde na heagraíochta, le páirtíocht iomlán na foirne dlí ar fad, ag an leibhéal is airde éifeachtachta agus éifeachtúlachta agus de réir an tsárchleachtais idirnáisiúnta.

### EOCHAIRCHUSPÓIR 5

Tacú le hobair an Choimisiúin chun a chinntiú go ndéantar seachadadh ar sheirbhísí sa tslí is costéifeachúla agus is éifeachtaí agus leis an leibhéal is airde páirtíochta foirne.

### EOCHAIRCHUSPÓIR 6

Na freagrachtaí a chuir an tArd-Aighne ar an gCoimisiún i 2007 i dtaca le Táblaí Croineolaíochta na Reachtanna a fhorfheidhmiú.

Is dearbhú iad na hEochairchuspóirí sin ar na tascanna suntasacha atá os comhair an Choimisiúin sa tréimhse trí bliana atá clúdaithe ag an Ráiteas Straitéise.

### Monatóireacht ar fhorfheidmiú na nEochairchuspóirí

Leagann an Ráiteas Straitéise síos freisin meicníochtaí tábhachtacha chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na nEochairchuspóirí. Orthu sin tá ullmhú agus athbhreithniú Phleananna Gnó rollacha ráithiúla, ag léiriú pháirt na meithleacha taighde dlí agus riaracháin i mbaint amach na nEochairchuspóirí. Leagann na Pleananna Gnó amach go soiléir na gníomhartha sonracha atá á dtógáil i ngach réimse; an duine nó na daoine atá freagrach as forfheidhmiú gach gníomh; an spriocdháta do gach gníomh; an sprioc don bhliain agus don chéad ráithe eile; agus an duine le freagracht iomlán as torthaí faoi gach gníomh. Do gach ráithe, déanann Coiste Bainistíochta an Choimisiúin measúnú ar dhul chun cinn ar gach eochairchuspóir i gcomhar leis an duine nó daoine ag a bhfuil freagracht iomlán as an gcuspóir. Tugann an Coiste Bainistíochta tuairisc ar dhul chun cinn gach sé mhí don Choimisiún agus díríonn sé a aird freisin ar aon mhórfhadhbanna, bagairtí nó deiseanna a bheadh ag teacht chun cinn. Déanann an Coimisiún athbhreithniú ar an Ráiteas Straitéise go bliantúil agus cinneann sé, i bhfianaise dul chun cinn, cé acu an mbeadh gá aon mhórathruithe a dhéanamh air don chéad bhliain eile. Bíonn an Coimisiún ag plé freisin le hOifig an Ard-Aighne chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn go ginearálta faoin Ráiteas Straitéise. I mí na Nollag 2006, d'aontaigh an Coimisiún gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an Ráiteas Straitéise i 2007 chun iarratas an Ard-Aighne maidir leis an Eolaire Reachtaíochta a chur san áireamh. I mí Eanáir 2008, aontaíodh go ndéanfái leasú ar Eochairchuspóir 1 chun tús an Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014 a thógáil san áireamh.

De bharr go gcuireadh tús leis an tríú Clár um Athchóiriú Dlí 2008-2014 i 2008, aontaíodh i Mhí Eanáir 2008 chun eochairchuspóir 1 a leasú chun é seo a chur in iúl.

[2] Seo é an leagan reatha de Eochairchuspóir 1. Tháinig sé in áit (ó Eanáir 2008) an tEochairchuspóir 1 bunaigh, a léigh hmar a leanas: "Scrúdú a chur i gcrích go hardchaighdeán ar (1) réimsí áirithe dlí ó thaobh achchóiriú dlí faoi iarratais ar an gCoimisiún ón Ard-Aighne agus (2) an Dara Clár Athchóirithe Dlí reatha de réir fhorálacha an chláir sin agus a mhéid agus is féidir é laistigh de thréimhse an Ráitis Straitéise seo." Rinneadh = é sin iomarcach nuair a thosaigh an Coimisiún ag obair ar an *Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014.*

## MODHANNA OIBRE AGUS PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN

Tá Páipéir Chomhairliúcháin agus Tuarascálacha an Choimisiúin bunaithe ar thaighde cúramach foirfe. Le linn taighde ar thopaic, breithnítear ar chásdlí, reachtaíocht, dlí-eolaíocht agus scríbhinní acadúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tugann an Coimisiún aird ar leith ar dhlíthe dhlínsí comparáideacha, mar aon le moltaí a bheadh curtha chun cinn ag comhlachtaí athchóirithe dlí sna dlínsí sin. Is léir don Choimisiún freisin go bhfuil sé tábhachtach a chinntiú go mbíonn aon mholtaí athchóirithe préamhaithe i gcleachtas. Le linn dó a bheith ag ullmhú moltaí téann an Coimisiún I gcomhairle go neamhfhoirmiúil le cleachtóirí dlí agus freisin le daoine gairmiúla ábhartha eile agus comhlachtaí ionadaíocha. Tugtar aitheantas do na léargais phraiticiúla a chuireann na teagmhálacha sin ar fáil don Choimisiún i bhfoilseacháin an Choimisiúin.

### Modheolaíocht

Chun na spriocanna a bhíonn leagtha síos ina chuid Clár Athchóirithe Dlí a bhaint amach, cinntíonn an Coimisiún go gcuirtear gach tionscadal faoi chúram Taighdeora a bhíonn ag obair faoi threoir ghinearálta an Stiúrthóra Taighde. I gcás Athráiteas ar an Dlí Reachtúil agus an tEolaire Reachtaíochta, tá dhá mheitheal taighdeoirí curtha ag plé go sonrach leis na réimsí sin faoi threoir dhá Bhainisteoir Thionscadail. Baineann an Coimisiún úsáid freisin as Grúpaí Oibre, a gcuireann a mbaill a gcuid saineolais ar fáil ar bhonn deonach, i réimsí ina bhfuil gá le hionchur suntasach ó shaineolaithe. Tá liosta de Ghrúpaí Oibre agus mballraíocht in Aguisín B.

De bharr a chasta is a bhíonn cuid de na ceisteanna a éiríonn, téann an Coimisiún i gcomhairle go rialta le saineolaithe i réimsí áirithe dlí agus eolais ghairmiúil eile ar ábhair áirithe. Téann an Coimisiún i mbun a chuid oibre ar bhonn Chláir Rollaigh Oibre, ina mbíonn spriocdhátaí le céimeanna éagsúla den obair a bhaint amach. Mar chuidiú leis an gCoimisiún i monatóireacht bhaint amach na spriocanna sin, déantar athbhreithnithe rialta ar an gClár Oibre. Déanann Caibidil 2 cur síos ar fhoilseacháin an Choimisiúin agus ar an gclár leanúnach oibre i 2007.

### An próiseas comhairliúchán

Tá an próiseas comhairliúcháin fíorthábhachtach d'obair an Choimisiúin. D'fhéadfadh an comhairliúchán a bheith i bhfoirmeacha éagsúla. I gcéimeanna tosaigh an taighde, d'fhéadfadh an Coimisiún bualadh le saineolaithe nó cleachtóirí a bheadh ag obair i réimse ar leith, nó ionadaithe ghrúpaí leasmhara. Ansin ullmhóidh agus foilseoidh an Coimisiún Páipéar Comhairliúcháin. Lorgóidh an Coimisiún aighneachtaí scríofa ó pháirtithe leasmhara ar na moltaí sealadacha atá déanta sa Pháipéar Comhairliúcháin. Cuirfear na haighneachtaí sin san áireamh i ndréachtú na Tuarascála deiridh ar an ábhar, agus déileáilfear le haon cheisteanna nó ábhair imní sa Tuarascáil. Sara ndéantar an Tuarascáil a dhréachtú is iondúil go dtionóltar seimineár ar a dtugann an Coimisiún cuireadh do pháirtithe leasmhara, nó dóibh sin a rinne aighneachtaí. I 2008, bhí seimineáir ag an gCoimisiún ar na topaicí seo a leanas

- Dliteanas Sibhialta Samárach Maith agus Saorálach (Bealtaine);
- Athchóiriú ar phróiseas maidir le giúiréithe a roghnú (Meitheamh)

Ó 2000, is gnách go gcuireann an Coimisiún dréacht-Bhille le ngach Tuarascáil ina ndéanann sé moltaí le haghaidh athrú reachtaíochta.

I dtaca leis na tionscadail ar Athráiteas ar an Dlí Reachtúil agus ar Eolaire Reachtaiochta, téann an Coimisiún i gcomhairle le réimse leathan páirtithe leasmhara. Orthu sin tá Oifig an Ard-Aighne, Ranna Rialtais, an tOireachtas, lucht dlí agus an pobal. Tá béim mhór curtha freisin ag an gCoimisiún ar ghnéithe teicneolaíocha den dá thionscadal ionas go mbeadh an teacht is mó is féidir ar na hAthráitis agus ar an Eolaire Reachtaíochta. Curtha san áireamh go háirithe ag an gCoimisiún, tá forbairt straitéise ríomh-Reachtaíochta an Rialtais agus nuachóiriú leabhar reachtanna na hÉireann, lena n-áirítear achtú an *Achta um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2007*.

## Cumarsáid le Ranna Rialtais

Is é cleachtas an Choimisiúin le blianta fada anuas cumarsáid a dhéanamh le ranna rialtais maidir leis na tionscadail lena bhfuil sé ag plé faoi láthair nó a bhféadfadh sé a bheith ag plé leo go luath san am atá le teacht. Tá socrú freisin ag an gCoimisiún leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, le go mbeadh chruinnithe débhliantúla ann chun athbhreithniú a dhéanamh ar ábhair comhleasa, ag baint leis an dlí coiriúil agus an dlí sibhialta. Cuireann na cruinnithe ar chumas an Choimisiúin agus na Roinne ceisteanna atá idir chamáin acu i láthair na huaire agus dul chun cinn sa phróiseas reachtaíochta a phlé.

## Comhdháil Bhliantúil Geallsealbhóirí

Ó 2004, tá Comhdháil Bhliantúil Geallsealbhóirí óstáilte ag an gCoimisiún atá ceangailte le clár an Choimisiúin maidir le athchóiriú dlí agus Clár Rollach Oibre. Tá deis ag an gCoimisiún chun seans a thabhairt do gheallsealbhóirí a bheith pairteach i ndíospóireacht phraiticiúil ar thionscadal sonrach. D'fhócasaigh an Chomhdháil Bhliantúil 2008 ar réamthreoracha cúraim agus ceadaíodh miondíospóireacht ar Pháipéar Comhairliúcháin an Choimisiúin ar an ábhar seo, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair. Bhí an Chomhdháil ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus d'fhreastail trasghearradh de dhochtúirí agus de dlíodóiri, agus ionadaithe ó sochaí shibhialta chomh maith. Leanann obair an choimisiúin ar réamthreoracha cúraim ar aghaidh ó mholtaí sonracha maidir le athchóiriú dlí ó thaobh inniúlacht meabhrach de a rinneadh sa tuairisc ar Daoine Fásta Soghonta agus an dlí, a fheictear I scéim an Rialtais ar Bhille um Chumas Meabhrach i 2008. Féadfaidh na moltaí deireanacha ar réamthreoracha cúraim a ionchorprú laistigh den chreat reachtaíocht um Chumas Meabhrach.

## Comhdhálacha, Cuairteanna agus Teagmhálacha Meán

Bíonn Coimisinéirí ag freastal ar, agus ag glacadh páirt go rialta freisin i seimineáir phoiblí agus comhdhálacha. Coinnítear i dteagmháil freisin le comhlachtaí athchóirithe dlí trí fhreastal ar sheimineáir ábhartha agus trí ghlacadh le cuairteanna ó chomhlachtaí athchóirithe dlí eile. Lena chois sin, scaiptear nuacht agus preaseisiúintí ar na meáin tráth a mbíonn Páipéar Comhairliúcháin nó Tuarascáil á bhfoilsiú. Go ginearálta, gníomhaíonn an Stiúrthóir Taighde agus na Coimisinéirí a mbíonn tionscadail ar leith á dtreorú acu mar urlabhraithe meán don Choimisiún. Tá sonraí faoi chomhdhálacha a ndearnadh freastal orthu agus cuairteanna ar agus ó chomhlachtaí athchóirithe dlí le fáil in Aguisín C.

# CAIBIDIL 2

# FOILSEACHÁIN, CLÁR ROLLACH OIBRE AGUS CUR I NGNÍOMH OIBRE AN CHOIMISIÚIN 2008

## RÉAMHRÁ

Sa Chaibidil seo, déanann an Coimisiún cur síos ar ábhar a chuid foilseachán (Tuairiscí agus Páipéirí Comhairliúcháin) i rith 2008 agus ar eilimintí eile Chlár Rollach Oibre an Choimisiúin. Déanfaidh an Chaibidil seo trácht chomh maith d'aon fhorbairtí ábhartha i 2008 maidir le forfheidhmiú moltaí le haghaidh athchóirithe a rinne an Coimisiún.

### Tuairiscí agus Páipéirí Comhairliúcháin i 2008

D'fhoilsigh an Coimisiún 6 Tuairisc agus 5 Páipéar Comhairliúcháin i 2008. Ba iad sin:

- Tuarascáil ar Dhúnbhású: Dúnmharú agus Dúnorgain Ainneonach (LRC 87-2008)
- Tuarascáil ar ionpháirteacht i gconradh agus cearta tríú páirtithe (LRC 88-2008)
- Tuarascáil ar Ghnéithe de Dhlí Uchtála Idir Thíortha (LRC 89-2008)
- Tuarascáil ar Fhorbairtí Ilaonad (LRC 90-2008)
- Tuarascáil ar Athráiteas ar an Dlí Reachtúil (LRC 91-2008)
- Tuarascáil ar Dlí Iontaobhas Carthanais – Moltaí Ginearálta (LRC 92-2008)
- Tuarascáil ar Chionta neamhfhorásta (LRC CP 48-2008)
- Tuarascáil ar Eolaire Reachtaíochta: I dTreo Samhaile Dea-chleachtais (LRC CP 49-2008)
- Tuarascáil ar réiteach malartach ar dhíospóidí (LRC CP 50-2008)
- Tuarascáil ar Bhitheitic: Réamthreoracha cúraim (LRC CP 51-2008)
- Tuarascáil ar Fhianaise Shaineolach (LRC CP 52-2008)

Bhain na foilseacháin seo le comhlánú dara Clár an Choimisiúin um Athchóiriú Dlí 200-2007 agus tús an tríú Clár an Choimisiúin um Athchóiriú Dlí 2008-2014 maraon le hábhair shonracha a raibh ar an gCoimisiúin scrúdú a dhéanamh orthu de réir an Acht fán gcoimisiún Um Athchóiriú An Dlí, 1975. Bhain na foilseacháin seo le tograí an Choimisiúin chomh maith maidir le sainorduithe aistrithe le gairid den Dlí Reachtúil Athráiteas agus an Comhadlann Reachtaíochta (Tá plé níos mine ar i gCaibidil 3 agus 4, anseo thíos). Leagtar amach liosta foilseachán i 2008 ad deireadh na caibidle seo.

### Clár Rollach Oibre i 2008

Bhí baint ag Clár Rollach Oibre an Choimisiúin le linn 2008, le partaíocht ghníomhach ar 20 den 37 Tionscadal sa Tríú Clár um Athchóiriú Dlí 2008-2014. Tá an Coimisiún tiomanta do chinntiú a dhéanamh laistigh de na hacmhainní, go mbaintear dul chun cinn amach chomh luath agus is féidir i saol an Tríú Clár chun go mbeidh sé críochnaithe laistigh den 7 bliain a cheapadh.

### Forbairtí i 2008 ar chur i ngníomh tograí an Choimisiúin

Ó thaobh cur i ngníomh tograí an Choimisiúin, bhí dhá Act a rith an Oireachatas i 2008 bainteach le cur i ngníomh moltaí an Choimisiúin. Ina theanna sin, bhí 7 Bille eile roimh an Oireachtas bunaithe go hiomlán nó go páirteach ar mholtaí an Choimisiúin. Tá sé feicte ag an gCoimisiúin chomh maith go bhfuil 2 scéim den Bille a foilsíodh i 2008 ( ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí) bunaithe chomh maith go hiomlán nó go páirteach ar mholtaí an Choimisiúin. Cuimsíonn suíomh Gréasáin an Choimisiúin www.lawreform.ie rannán le forbhréathnú ginearalta ar chur i ngníomh Tuairiscí an Choimisiúin, agus déantar é seo a nuashonrú go rialta.

*Na ceannteidil a úsaideadh chun obair an Choimisiúin a phlé i 2008*

Pléitear ábhar na caibidle seo faoi na 10 ceannteidil ghinearálta seo a leanas atá bunaithe orthu sin sa Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014:

1. An Córas Dlí agus an dlí poiblí
2. Dlí na Fianaise
3. Dlí Coiriúil
4. Dlí Talún agus Dlí na nIontaobhas
5. Dlí Teaghlaigh
6. Grúpaí Sonracha agus Soghonta i sochaí atá ag athrú
7. Teicneolaíocht, Nuálaíocht agus an Indibhid
8. Dlí Tráchtála agus Dlí na n-oibleagáidí
9. Dlí Ioncaim
10. An tAcht um Athchóiriú an Dlí Forálacha Ilghnéitheacha.

## 1. AN CÓRAS DLÍ AGUS AN DLÍ POIBLÍ

### Athráiteas an Dlí Reachtúil

D'fhoilsigh an Coimisiún a thuairisc ar athráiteas an dlí reachtúil (LRC 91-2008) i mí Iúil 2008, a lean ón bpáipéar comhairliúcháin 2007 ar athráiteas an Dlí Reachtúil (LRC CP 45-2007). Choinnigh an tuairisc sonraí chéad Chlár athráiteas an dlí reachtúil an Choimisiúin 2008-2009. Tá plé níos mine ar athráiteas an Dlí Reachtúil I gCaibidil 3 thíos.

### Eolaire Reachtaíochta

D'fhoilsigh an Coimisiún páipéar léirmheas ar fhorbairt an eolaire reachtaíochta: I dTreo Samhaile Dea-chleachtais (LRC CP 49-2008). Déanann an páipéar léirmheas athbhreithniú ar fhorbairt an Eolaire Reachtaíochta go dtí seo agus leagann sé amach dearcadh an Choimisiúin ar tuilleadh feabhsú ó thaobh toiliú agus inrochtaineacht de. Tá plé níos mine ar eolaire reachtaíochta I gCaibidil 4 thíos.

## An Dlí a bhaineann le giúiréithe

Thosaigh an Coimisiún tionscadal ar an dlí a bhaineann le giúiréithe i 2008 (Tríú Clár an Ahchóiriú Dí, tionscadal 1). Cuimsíonn sé seo léirmheas ginearálta ar an Dlí a bhaineann le Córas an ghiúiré in Éirinn, le béim go háirithe ar athchóiriú Acht na nGiúiréithe 1976. Cuimseofar cáilíocht le haghaidh seirbhise giúiré, roghnú na ngiúiréithe agus na hiarmhairtí a bhaineann le teip i bhfreastal. Chuir an Coimisiún cruinniú comhchéime ar súil an an tionscadal leis na páirtithe leasmhara. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiúin páipéar comhairliúcháin ar an ábhar seo a fhoilsiú i 2009.

## Forghníomhú an fhiacais agus leasanna i leith maoin phearsanta a chinntiú

Thosaigh an Coimisiún tionscadal ar an dlí a bhaineann le forghníomhú an fhiacais agus leasanna I leith maoin phearsanta a chinntiú i 2008 (an Tríú Clár An Athchóiriú Dlí, tionscadal 2). Cuimseoidh an tionscadal scrudú ar nósanna imeachta malairte sa chúirt do chur i bhfeidhm an fhiachais maraon le socruite sa chúirt atá cheanna ann mar an nós imeachta ordú tráthchoda. Ta a fhios ag an gCoimisiún go ndearna ionad saorchúnamh dlí (FLAC) obair ar gnéithe éigean den tionscadal seo agus rachaidh siad i gcomhairle leo agus páirtithe leasmhara eile. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún páipéar comhairliúcháin ar an ábhar seo a fhoilsiú i 2009.

## Barántais Bhinse agus barántais chuardaigh

Thosaigh an Coimisiún tionscadal ar an dlí i dtaobh barántais bhinse agus barántais chuardaigh i 2008 (an tríú clár an athchóiriú dlí, tionscadal 3). Scrúdóidh an tionscadal seo cur i bhfeidhm órdú cúirte, go háirithe an nós imeachta maidir le barántais bhinse agus barántais chuardaigh bhinse a chomhlíonadh. Úsáid neamhéifeachtach a bhí de thoradh ar na faidhbanna nós imeachta ar an ábhar seo. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún páipéar comhairliúcháin ar an ábhar seo a fhoilsiú I 2009.

## Teorainn le Caingne

Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún páipéar comhairliúcháin ar an ábhar seo a fhoilsiú i 2009 ar dlí na dtréimhsí (an triú clár an athchóiriú dlí, tionscadal 4). Scrúdóidh an tionscadal seo go ginearálta na tréimhsí teorann d'éilimh shibhialta sa reacht na dtréimhsí i 1957 agus ionchasach na tréimhsí teorann a chomhdhlúthú. Cuireann sé chomh maith le luathobair ón gCoimisiún a rinne athbhreithniú ar ghnéithe sonracha an dlí seo.

## Seachréiteach Díospóidí

D'fhoilsigh an Coimisiún páipéar comhairliúcháin i 2008 ar seachréiteach díospóidí (LRC CP 50-2008) (an triú clár an athchóiriú dlí, tionscadal 5). Scrúdaíonn an páipéar comhairliúcháin an úsáid atá ag dul i méid seachréiteach díospóidí (ADR) in Éirinn agus go hidirnáisiúnta a léiríonn an uimhir mhéadaitheach roghanna atá ar fáil chun díospóidí a réitiú. Cuimsíonn na díospóidí seo; mór-éilimh tráchtála agus beag-éilimh tomhaltóra, cliseadh clainne, díospóidí tionsclaíocha, éilimh míochaine agus díospóidí maoine ( go háirithe díospóidí faoin teorainn).

Is iad na príomh-mholtaí sa pháipéar comhairliúcháin ná: gur cheart creat reachtúil ginéaralta a bheith ann a mhíníonn an bhrí ar dul i mbun idirghabhála (comhaontú a fhurasú don chuid is mó) agus idir-réiteach (aomhaontú a fhurasú agus ag tabhairt comhairle do pháirtithe faoin réiteach comhaontaithe); ba cheart idirghabháil agus idir-réiteach a fheicéal diffriúl ó dhlíthíocht

ach ba cheart iad a mheas mar chuid de chóras ceartais shibhialta comhtháite, Dlíthíocht san áireamh, ba cheart na heochairphrionsabail agus idir-réiteach a leagan amach, lena n-áirítear a dúchas saorálach, ábaltacht na bpáirtithe an próiseas a rialú, an gá atá ann do rúndacht, agus an gá atá ann do tréshoilseán agus rialú cáilíochta an phróisis. Ba cheart go mbeadh an Chúirt in ann comhaontú a rinneadh ar idirghabháil agus idir-réiteach a chur i bhfeidhm agus ba cheart go mbeadh oiliúint agus creidiúnú na meáningear a bheith bunaithe ar chaighdéan idirnáisiúnta comhaontaithe, ag cur leis na comhdhéanaimh creidiúnaithe atá i bhfeidhm in Éirinn cheanna féin.

Chuir an Coimisiún cuireadh do hiarratais freisin maidir le roinnt eisiúintí, lena n-áirítear an gá le riailchleachtas nó treoirlínte a thabhairt isteach do chleachtas comhoibritheach ó thaobh dlí teaghlaigh de, an gceart go leanfaidh rialáil meáningear mar atá sé anois ar bhonn neamhreachtúil, de réir na bprionsabal a leagfar amach i gcreat reachtúil do idirghabháil agus idir-réiteach. Tá sé ar ar intinn ag an gCoimisiún páipéar comhairliúcháin ar an ábhar seo a fhoilsiú roimh dheireadh 2009.

### Comhdhlúthú agus Athchóiriú Achtanna na gCúirteanna

Le linn 2008, Rinne an coimisiún dul chun cinn suntasach ar a thionscadal chun achtanna na gCúirteanna a athchóiriú (an triú clár an athchóiriú dlí, tionscadal 6) nuair a fhoilsigh sé páipéar comhairliúcháin ar Comhdhlúthú agus Athchóiriú Achtanna na gCúirteanna (LRC CP 46-2007). Cuimsíonn Achtanna na gCúirteanna 100 Acht, lena n-áirítear alán a tháinig roimh bhunú an stáit. Ó 1922, d'achtaigh an Oireachtas beagnach 60 Acht chúirte ag cur deacracht teacht ar dlí cuí . Chuir an Coimisiún tús leis an tionscadal i gcomhpháirt leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an tSeirbhís Chúirteanna. Tá sé ar ar intinn ag an gCoimisiún a thuairsc ar an tionscadal seo a fhoilsiú, lena n-áirítear dréacht ar Chomhdhlúthú agus Bille Leasúcháin roimh dheireadh 2009 nó go luath in 2010.

### Binsí Fiosrúcháin

Rith An Bille um Binsí Fiosrúcháin 2005 an dara chéim i nDáil Éireann i 2008, bunaithe ar an dréacht An Bille um Binsí Fiosrúcháin i dtuairsc an Choimisiúin ar fhiosrúcháin phoiblí lena n-áirítear binsí Fiosrúcháin (LRC 73-2005) (an dara clár an athchóiriú dlí, tionscadal 8).

## 2. DLÍ NA FIANAISE

### Fianaise Dhoiciméadach agus Teicneolaíocht

Thosaigh an Coimisiún a thionscadal ar dhoiciméadach agus ar theicneolaíocht (An Triú Clár um Athchóiriú Dlí, tionscadal 7). Is dúil riachtanach í an fhianaise ar bheagnach an dlíthíocht ar fad. Déanfaidh an tionscadal trácht ar na rialacha maidir le cruthú reatha agus fíordheimhniú doiciméad, agus déanfaidh an tionscadal breithniú ar an ngá dá nuachóiriú. Déanfaidh an tionscadal breithniú ar an gá le ríomh-fhianaise a bheith rialaithe mar chatagóir ar Leith d'fhianaise. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún páipéar comhairliúcháin ar an ábhar seo a fhoilsiú roimh dheireadh 2009.

### Clostrácht i gCúiseanna Sibhialta agus Coiriúla

Thosaigh an Coimisiún tionscadal ar Chlostrácht i gCúiseanna Sibhialta agus Coiriúla i 2008 (An Triú Clár um Athchóiriú Dlí, tionscadal 8). Scrúdaigh an Coimisiún an riail maidir le clostrácht cheanna féin i gCúiseanna Sibhialta. Cuirfidh an tionscadal seo leis an obair seo agus leathnóidh an tionscadal an anailís chun Clostrácht i gCúiseanna Sibhialta agus Coiriúla a chuimsiú. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún páipéar comhairliúcháin ar an ábhar seo a fhoilsiú roimh dheireadh 2009.

### Fianaise Shaineolach

D'fhoilsigh an Coimisiún páipéar comhairliúcháin i 2008 ar fhianaise shaineolach (LRC CP 52-2008) (an triú clár an athchóiriú dlí, tionscadal 11). Rinne an páipéar comhairliúcháin moltaí sealadacha chun chinntiú go leanfaidh na buntáistí a bhaineann le Fianaise Shaineolach a bheith ar fail do na cúirteanna. I measc na moltaí sa pháipéar comhairliúcháin tá; gur cheart an téarma "saineolaíoch" a shainmhíniú, agus gur cheart don Choimisiún cuireadh a thabhairt do hiarratais maidir le cibé acu ar chóir a mheas mar saineolaí, mar shampla eolas bunaithe ar thaithí amháin nó cáilíochtaí gairmiúla, foirmiúla nó staidéar nó oiliúint; ba cheart chomh maith miontreoirlínte ina bhfuil liosta tosca a féidir úsáid chun cuidiú leis an gCúirt iontaofacht na fianaise Saineolach a mheas; ba cheart cód foirmiúil treorach a bheith ann do fhinnéithe saineolaíocha ( is féidir é seo a bheith reachtúil nó neamhreachtúil) a dhéanfadh cur síos ar dulgais na bhfinnéithe saineolacha; ba cheart go leanfaidh an finné saineolach ar aghaidh le dualgas don Chúirt a ghabhann in ionad aon dualgas atá ag an dteagasc; ba cheart cosc a bheith ann ar aon socruithe saor le finnéithe saineolacha atá ar choinníoll toradh an cháis mar is cosúil go gcuirfeadh sé bac ar neamhspleáchas na bhfinnéithe; ba cheart go mbeadh ar an dá pháirtí tuairscí saineolacha a mhalartú roimh aon éilimh sibhialta ( baineann sé seo do dhíobhála pearsanta i g caingne sibhialta amháin); agus ba cheart foirm socraithe agus struchtúr ann do thuairscí saineolacha. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún páipéar comhairliúcháin ar an ábhar seo a fhoilsiú agus ionchorpróidh sé tionscadail ar fhianaise dhoiciméadach agus an riail maidir le clostrácht, thuasluaite.

## 3. DLÍ COIRIÚIL

### An Dlí Dúnbhásaithe

I 2008, d'fhoilsigh an Coimisiún a Thuarascáil ar Dhúnbhású: Dúnmharú agus Dúnorgain Ainneonach (LRC 87-2008) (an triú clár an athchóiriú dlí, tionscadal 17). Mhol an Coimisiún gur cheart sainmhíniú an Ghné Mheabhrach sa Dúnmharú a fhágáil mar atá sé, ba cheart intinn a bheith ann marú a dhéanamh nó dochar tromchúiseach a chur ar duine a choimeád agus é a fhadú chun foirm shuibiachtúla neamhshuim mheargánta do shaol an duine a chuimsiú. Tabharfaidh an Coimisiún i gcrích go bhfuil gá ann go gcinntítear go gcuimsíonn an dúnmharú na maruithe neamhdhleathacha is gráinniúla.

Ó thaobh Dúnorgain Ainneanach de, mhol an Coimisiún chomh maith gur cheart an dá roinn at a ann; Dúnorgain an ghnímh dleathach agus dainséarach agus Dúnorgain mórfhaillí a choinneáil. Tharlódh Dúnorgain an ghnímh Dainséaracha in áit ina mbeadh cion coiriúil ann agus baol díobháil choirp do dhuine eile ann, agus in áit in a measfadh an gnáthdhuine réasúnta atá dainséarach, is é sin go mbeadh sé dóchúil go mbeadh díobháil choirp ann. Bhainfaí amach leibhéil íseal de fhoréigin fuireachair ó scóip dúnorgana

an ghnímh dleathach agus dainséarach, agus mheas an Coimisiún go mbeadh coir nua ann chun déileáil leo súid- ionsaí is trúig bháis. Leanfadh dúnorgain mórfhaillí ar aghaidh ag lorg ardchéim agus bhainfadh ardchéim díobhálacha pearsanta do dhaoine eile nó an dealraitheacht leis an neamart a bheadh ann.

Mhol an Coimisiún chomh maith gur cheart go leanfadh an cion sonrach tiomáint chontúirteach is trúig bháis ar aghaidh le taobh na coire tromaí dúnorgana. Mhol an Coimisiún chomh maith achtachán na coire nua; tiomáint neamhaireach is trúig bháis.

## Cosaintí sa Dlí Coiriúil

I rith 2008, rinne an Coimisiún dul chun cinn suntasach ar a thionscadal ar chosaintí sa dlí coiriúil a chur i gcrích. (an triú clár an athchóiriú dlí, tionscadal 18). Faoin Dara Clár Athchóirithe Dlí 2000-2007, d'fhoilsigh an Coimisiún trí Pháipéar Comhairliúcháin, Páipéar Comhairliúcháin ar Dhúnbhású: Pléadáil Bhriogaidh (LRC CP 27-2003), Páipéar Comhairliúcháin ar Éigeantas agus Riachtanas (LRC CP 39-2006) agus Páipéar Comhairliúcháin ar Chosaint Dhlisteanach (LRC CP 41-2006). Déanfar corprú ar an ábhar sna Páipéir Chomhairliúcháin i dTuarascáil ar Chosaint sa Dlí Coiriúil a chuirfear i gcrích faoin Tríú Clár Athchóirithe Dlí i 2009.

## Cionta neamhfhorásta: comhcheilg, iarrachtaí agus gríosú

I 2008, d'fhoilsigh an Coimisiún páipéar comhairliúcháin ar chionta neamhfhorásta (LRC CP 48-2008) (an tríú clár an athchóiriú dlí, tionscadal 19). Cuimsíonn an páipéar moltaí sealadacha an Choimisiúin maidir le hathchóiriú an dlí ó thaobh iarrachtaí, comhcheilg agus gríosú de. Maidir leis an

Gcomhcheilg, molann an Coimisiún go sealadach gur cheart comhaontaithe chun cion coiriúil a bheith mar chomhchealga coiriúla. Athchóiriú suntasach an dlí a bheadh ann. Faoi láthair seard atá i gceist le chomhcheilg ná comhaontuithe chun cóir shibhialta a fheidhmiú maraon le héagóracha coiriúla. Molann an Coimisiún go sealadach ó thaobh iarrachtaí de gur cheart an ghné fhisiceach na hiarrachta a mhíniú mar ghníomh atá gar do chríochnú na targaide. Cintíonn é seo gur féidir a rá go raibh an cosantói ar tí na sprioc-coire a chur i gcrích. Maidir le ghríosú, mhol an Coimisiún go sealadach códú an seasaimh atá ann faoi láthair, is é sin, go mbíonn gríosú ann nuair atá spreagadh, orduithe, nó iarrthach ann ó thaobh an ghnímh coiriúl de. Aimseoidh an togra seo na daoine atá ag iarraidh go mbeadh duine eile ag cur an gníomh i gcrích. Molann an Coimisiún ó thaobh an cionta neamhfhorásta seo go léir nach cheart neamhfhéidearthacht a bheith mar chosaint. Foilseoidh an Coimisiún tuairisc ar an ábhar seo i 2009.

### Innéacsú Fíneálacha

Bhí an Bille Fíneálacha 2007 bunaithe ar Innéacsú Fíneálacha (LRC 65-2002) (an dara clár an athchóiriú dlí, tionscadal 17), ag an dara céim i Dáil Éireann i 2008

### Ciontuithe Spíonta

Rith an Bille um Chiontuithe Spíonta 2007bunaithe ar dhréacht-Bhille um Chiontuithe Spíonta i dtuairisc an Choimisiúin ar Chiontuithe Spíonta (LRC 84-2007) (an dara clár an athchóiriú dlí, tionscadal 10), an dara céim i Dáil Éireann i 2008.

## 4. DLÍ TALÚN AGUS DLÍ NA NIONTAOBHAS

### An Bille um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2006

I rith 2008lean an Coimisiún ar aghaidh ag cur le cheile sainghrúpa, (arna chómoradh ag an gCoimisiú ar iarratas ón Ard-Aighne agus an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí) chun chuidiú i leasuithe a dhréachtadh ar an mBille um Athchóiriú ar an Dlí Talún agus Tíolactha 2006 atá bunaithe ar an dréacht-Bhille sa Tuarascáil ar Athchóiriú agus Nuachóiriú an Dlí Talún agus Dlí Tíolactha (LRC 74-2005). Nuair a bhíonn sé achtaithe, déanfaidh Bille 2006 aisghairm ar beagnach 200 Acht réamh-1922 sa réimse seo (ag tosú le De Donis Conditionalibus ó 1285) agus cuirfidh sé cód aonair reachtaíochta in áit a lán rialacha faoin dlí coiteann agus rialacha reachtúla ar an dlí talún, tíolacadh agus réimsí gaolmhara. Tá na hathruithe substainteach a dheantar sa Bhille 2006 páirteach den Tionscadal ríomhThíolacadh an Choimisiúin, rud atá pléite thíos. Rith an Bille 2006 an dara céim i Dáil Éireann i 2008, agus ag súil leis bheith achtaithe i 2009.

### Léarscáil Bhóithre ríomhThíolactha

Seard atá i gceist le tionscadal ríomhthíolactha ná athbhreithniú cuimsitheach ar an dlí substainteach i gceist leis an gComhthionscadal seo (atá achtaithe i bhform An Bille um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2006) agus cuimsíonn sé freisin na gnéithe ábhartha nós imeachta agus riaracháin féachaint le ríomhThíolacadh a thabhairt isteach i ndeireadh na scríbe.  Faoin dara clár um athchoiriú dlí 2000-2007 (an dara clár an athchóiriú dlí, tionscadal 23). Rinne an Coimisiún maoirseacht (le cúnamh ón gCoimisiún Sochaí Faisnéise) ar shamhaltú den bpróiseas tíolactha reatha in Éirinn, as ar tháinig an Tuarascáil ar ríomhThíolacadh; Samhaltú Chóras Tíolactha na hÉireann (LRC 79-2006). Leagann an Tuarascáil síos tuairimí agus moltaí an Choimisiúin ar Shamhaltú Chóras Tíolactha na hÉireann, tuarascáil a d'ullmhaigh BearingPoint Management and Technology Consultants don Choimisiún. Sa Tuarascáil Shamhaltaithe tá an chéad shamhailphróiseas 'ó thús deireadh' den idirbheart iomlán tíolactha, ag cur san áireamh na róil a bhíonn ag an díoltóir, an ceannaitheoir, gníomhairí eastáit, aturnaetha, institiúidí airgeadais, údaráis áitiúla agus phleanála, Clárlann na Talún agus Clárlann na nGníomhas agus geallsealbhóirí eile. Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh ag obair chun críche a chur leis an tionscadal go ráthúil sa chéad chéim eile (an tríú clár an athchóiriú dlí, tionscadal 22).

## Forbairtí Ilaonad, lena n-áirítear coimpléisc árasáin

I 2008, d'fhoilsigh an Coimisiún Páipéar Comhairliúcháin ar Fhorbairtí Ilaonad (LRC 90 2008) (an dara clár an athchóiriú dlí, tionscadal 22). Nótálann an Páipéar gur feiniméan suntasach atá tarlaithe le déanaí sa mhargadh tithíochta iad coimpléisc árasán agus forbairtí ilaonad eile agus go raibh timpeall 500,000 duine ina gcónaí in árasáin i 2006. Tá 67 molta le haghaidh athchóiriú sa tuairisc agus cuimsíonn sé dréacht an Bhille Forbairtí Ilaonad. Mhol an tuairisc gur cheart reachtaíocht a achtú leis na heilimintí seo a leanas: beidh ar fhorbróir, cuideachta bhainistíochta an úinéara a hionchorprú (OMC, cuideachta le haghaidh coimpléisc árasáin) do fhorbairtí árasáin le 5 aonad nó níos mó. (bheadh comhúinéireacht féidearthach le haghaidh forbairtí atá níos lú); beidh ar an bhforbróir teideal dlí na forbartha a aistriú go dtí an OMC agus beidh air an teideal a cheartú le Clárlann na Talún/an tÚdarás Clárúcháin Maoine roimh críochnú aon díolachán árasáin (coimeádann an forbróir an teideal tráchtáil shochrach don fhorbairt); agus beidh vóta amháin ag gach ceannaitheoir sa chuideachta bhainistíochta an úinéara, agus beidh cosc ar meáchan vótaí.

Tuigeann an Coimisiún nach féidir na moltaí go léir a chur i bhfeidhm do fhorbairtí atá cheana ann. Molann an Coimisiún do fhorbairtí árasáin atá ann cheana gur cheart reachtaíocht a achtú leis na heilimintí seo a leanas; caithfidh úinéirí árasáin fógra 21 lá a fháil roimh cruinniú cinn bhliana agus caitfhfidh go bhfuil sé ar súil gar don fhorbairt agus ag ám reasúnta, caithfidh scéimeanna le haghaidh muirir seirbhíse a bheith ag na forbairtí go léir; caithfidh na forbairtí go léir eolas airgeadais a chur ar fáil go úinéirí árasáin, lena n-áirítear conas muirir seirbhíse bliantúil a úsáid sa bhliain seo chughann; laistigh de chúig bliana theacht i bhfeidhm n reachtaíochta, caithfidh scéimeanna na forbairtí atá i bhfeidhm cheana a bheith ina ionad le haghaidh táillí seirbhíse, caithfidh na forbairtí eolas airgeadais sonraithe a chur ar fáil d'úinéirí árasáin, lena n-áirítear an chaoi go gcaithfear táillí seirbhíse bliantiúla sa bhlianin seo chughann, laistigh de chúig bliana theacht i bhfeidhm na reachtaíochta, caithfidh na forbairtí atá cheana ann scéimeanna a bheith ina ionad do chistí Infheistíochta tógála (cistí fiachmhúchta); caithfidh na forbairtí atá cheana ann a bheith comhaontaithe idir forbróirí, úinéirí aonaid agus cuideachta bhainistíochta na n-úinéirí mas mhaith leo cead a bheith acu athrú go héasca go dtí an córas nua OMC a bhaineann le forbairtí nua, is féidir le Cúirt na nÉileamh Beag déileáil le neamhíoc na dtáillí seirbhíse nó cistí Infheistíochta tógála suas go €3,000 (bainfidh é seo le forbairtí nua chomh maith); agus is féidir leis an gCúirt Chuarda "ordú feabhais" a dhéanamh chun teasairg agus athshlánú na n-árasán Ilaonad a cheadú (mar shampla, i gcás atá inchomparáide d'áit ina dtéann comhlacht trí phróiseas scrúdaitheoireachta) (bainfidh é seo le forbairtí nua chomh maith).

## Seilbh Chodarsna

I 2008, thosaigh an Coimisiún tionscadal nua ar dlí na seilbhe codarsna (an tríú clár an athchóiriú dlí, tionscadal 20). Cuimseoidh an tionscadal, anailís ar na prionsabail dlíthiúla agus an rialacha maidir le sheilbh chodarsna in Éirinn agus ó pheirspictíocht chomparáideach. Deirtear do minic gurb é an dlí seo dlí "cearta na suiteoirí", ach baineann an chuid is mó de na cásanna ar sheilbh chodarsna leis an ngá atá ann leis an teideal a shoiléiriú, mar shampla in áit inar chónaigh mac nó iníon i dteach le blianta tar éis tar in oidhreacht air ó thuismitheoir ach nach

ndearnadh clárú foirmiúla an teidil. Cuimseoidh an Tionscadal impleachtaí an chinnidh Chúirt na hEorpa um Chearta an Duine i Pye (Oxford) Ltd v United Kingdom (2007). Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún páipéar comhairliúcháin ar an ábhar seo roimh dheireadh an bliana 2009.

## Dlí na nIontaobhas go ginéaralta

I 2008, d'fhoilsigh an Coimisiún a tionscadal ar dlí na nIontaobhas – tograí ginearálta (LRC 92-2008), a chríochnaigh príomhpháirt athbhreithniúcháin athchóiriú dlí an Choimisiúin ar dlí na nIontaobhas faoin dara clár an athchóiriú dlí 2000-2007 (an dara clár an athchóiriú dlí, tionscadal 20). Cruthaíonn iontaoibh de ghnáth nuair a aistríonn sócmhainní go duine nó daoine eile- ar a ghlaotar iontaobhaithe- chun a bheith fagtha do thairbhithe na hiontaoibhe. Is sampla tipiciúla d'iontaoibh ná ceann a chruthaítear chun sócmhainní a aistriú (mar shampla tithe, scaireanna agus rudaí luachmhara eile) a bheithe fagtha d' iontaobhaithe ar son clainne an duine (cibé acu faoin aois nó aosach leochaileach). Sampla eile ná iontaoibh a cruthaíodh le haghaidh feidhmeanna carthanúla.

Tá sé beartaithe ag athbhreithniúchán an Choimisiúin ar dlí na nIontaobhas chun leanúint go cóg reachtaíochta nua-aimseartha i dtaobh na dualdais, freagrachtaí agus cumhachtaí na nIontaobhaithe, go háirithe an chaoi a déileálann an Coimisiún agus teilgeann an Coimisiún sócmhainní na hiontaoibhe. Bheadh an iontaoibh in ionad acht an iontaobhaí 1893,an príomhreachtaíocht maidir le dualgias agus cumhachtaí nó na hiontaobhaithe le cód reachtaíochta nua-aimseartha. Cuimsíonn an Tionscadal dréacht ar bhille an iontaobhaí 2008 chun na moltaí seo a chur i bhfeidhm.

Molann an Coimisiún gur cheart go gcuimseodh an cód reachtaíocht nua d' iontaobhaithe ráiteas soiléir gur shuíomh muiníneach é oifig an iontaobhaí (cosúil le stiúrthóir cuideachta), a chaithfidh a dhualgais a chur i gcrích go macánta agus de mheon maith ar son na dtairbhithe, agus nach féidir an dualgas seo a sheachaint nó a theorannú. Molann an Coimisiún gur cheart go mbeadh dualgas cúraim reachtúla ginearálta, lena n-áirítear riachtanas chun gníomhú le réadlionsa " cúram agus scil réasúnta", ach a chuireann eolas speisialta nó taithí atá ag an iontaobhaí san áireamh. Tá sé seo ábhartha go háirithe do chorparáidí gairmiúla an iontaobhaí (iontaobaithe corparáideacha), íoctha dá seirbhísí, agus ba cheart an saineolas a bheith frithchaite i gcaighdeán difriúl i gcomparáid le hiontaobhaithe pearsanta atá ag gníomhú gan phá.

Molann an Coimisiún chomh maith gur cheart go bhfaigheadh na hiontaobaithe cumhachtaí atá luaite go soiléir chun maoin a fháil ar iasacht agus a dhíol, ar an gcoinníoll go gcomhlíonann siad leis an dualgas atá acu chun gníomhú le hintinn mhaith. Ó thaobh infheistíochtaí de, molann an Coimisiún gur cheart na socruithe reatha sa dlí faoina féidir na iontaobhaithe infheistiú in "urrúis údaraithe", sonraithe ag an Aire Airgeadais, a choinneáil agus a nuashonrú. Molann an Coimisiún go leathnaíodh cumhachtaí reachtaíochta na nIontaobaithe, in ord go gceadaíodh iontaobaithe chun éagsúlacht níos mó de fheidhmeanna ná tá ceadaithe faoi láthair, chun cinntiú go ndéanfadh an iontaoibh go éifeachtach.

### Dlí iontaobhais agus na hAchtanna um Thalamh Socraithe

I 2008, thosaigh an Coimisiún ar tionscadal ar dlí iontaobhais agus na hachtanna um Thalamh Socraithe (an tríú clár an athchóiriú dlí, tionscadal 21) a bheidh bunaithe ar cheist a thagann ó aisghairm na nAchtanna um Thalamh Socraithe agus achtú An Bhille um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2006. Cuirfidh an tionscadal le hobair an Choimisiúin sa tuairisc ar dlí iontaobhais chomh maith- tograí ginearálta (LRC 92-2008), thuasluaite.

### Dlí iontaobhais agus iontaobhais charthanúla

Ritheadh sa Dáil i 2008 an An Bille Carthanas,2007, atá bunaithe go páirteach (dualgais na nIontaobhaithe Carthanas) ar dhréacht An Bille Carthanas i dtuairisc an Choimisiúin ar iontaobhais charthanúla agus struchtúir dlíthiúla do charthanachtaí (LRC 80-2006) (an dara clár an athchóiriú dlí, tionscadal 20).

## 5. DLÍ TEAGHLAIGH

### Dlí Uchtála

I 2008, d'fhoilsigh an Coimisiún tuairisc ar Ghnéithe d'Uchtáil Idir Thíortha (LRC 89-2008). A lean a pháipéar comhairliúcháin ar Ghnéithe d'Uchtáil Idir Thíortha (LRC CP 43-2007). D'eascair sé sin as iarratas ar an gCoimisiún ón Ard-Aighne, faoin Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975, athchóirithe a bhreithniú agus a mholadh i dtaca le stádas agus cearta linbh atá ina chónaí lasmuigh den Stát agus a bhfuil ordú uchtála eachtrach déanta ina leith i bhfabhar shaoránaigh nó saoránach de chuid na hÉireann; agus an bealach is éifeachtaí le comhlíonadh dualgas bunreachtúil agus dlíthiúil na dtuismitheoirí uchtála – agus an Stáit – i leith an linbh sin a chinntiú. Tháinig an t-iarratas ón Ard-Aighne agus Attorney General v Dowse (2006) mar chúlra láithreach aige. Bhain an cás sin le huchtú linbh Indinéisigh, ar tugadh aitheantas dó agus ar cláraíodh é in Éirinn faoin Acht Uchtála 1991, ach a ndearna na tuismitheoirí uchtála iarratas níos déanaí cúlghairm a dhéanamh air. Ní uchtú idir thíortha nó uchtú eachtrach é seo mar nár chonaigh na tuismitheoirí uchtála in Éirinn agus níor lag sé cos anseo. Seasann na huchtuithe seo do thart ar 10% de na huchtú idir thíortha nó uchtú eachtrach atá aitheanta agus cláraithe ag an mBord Uchtála i gclárú uchtuithe eachtracha. Baineann thart ar 75% de na huchtú idir thíortha nó uchtú eachtrach atá aitheanta agus cláraithe ag an mBord Uchtála le tuismitheoirí uchtála a chonaíonn in Éirinn agus a bhfuil léirmheas déanta cheana féin orthu sula dtaistlilíonn siad thar lear agus uchtaíonn siad leanbh. Chomh luath is a aithnítear agus a chláraítear uchtú eachtrach ag an mBord Uchtála, is féidir leis an leanbh bheith in a Éireannach ar an gcoinníoll gur Éireannach é ceann de na tuismitheoirí. Is é seo céard a tharla sa chás Dowse, cé go raibh an leanbh agus na tuismitheoirí uchtála ina gconaí taobh amuigh den stát.

Léiríonn taighde an Choimisiúin go bhfuil an cur chuige seo glactha ag líon fáis tíortha agus moltar é sa thuairsc gur cheart é a choimeád mar dlí faoi láthair. Tá na deacrachtaí praiticiúla aibhsithe ag an gCoimisiún trí dheimhin a dhéanamh de na cearta dlíthiúla agus bunreachtúla an leanbh Éireannach atá ina gconaí i ndlínse eile agus déanann an Coimisiún tagairt don chaoi go luann Bunreacht na hÉireann go bhfuil an méid is mó ceart faoi réir tástála faoi infheidhmitheacht cosanta. Mhol an Coimisiún chomh maith i gcás ina mbíonn cás cosúil leis an gcás Dowe sa todchaí, is é an tArd-Aighne an t-oifigeach is iomchuí an Stáit chun cearta an linbh maidir le

prionsabail cuí an dlí idirnáisiúnta a chosaint ina ról mar chaomhnóir ar mhaithe le leas an phobail, agus i gcomhcheangal leis na seirbhísí taidhleoireachta agus consalachta. Tá moladh roimh ré a rinneadh i 1998 athráite ag an gCoimisiún chomh maith, gur cheart Comhdháil na Háige 1993 ar leanaí a chosaint agus comhoibriú maidir le huchtú idir thíortha a dhaingniú agus a ionchorprú i nDlí na hÉireann. Cuireann an Coimisiún fáilte roimh cinneadh an Rialtais chun é seo a dhéanamh trí fhoilseacháin an Bhill Uchtála 2009.

### Gnéithe Dlíthiúla de Ghaoil Theaghlaigh: aithreacha agus seantuismitheoirí

Thosaigh an Coimisiún tionscadal ar na gnéithe Dlíthiúla de Ghaoil Theaghlaigh i 2008 (an tríú clár an athchóiriú dlí, tionscadal 23). Scrúdóidh an tionscadal seo cearta agus dualgais na nAithreacha maidir le caomhnóireacht, cúram, agus rochtain ar a bpáistí. Scrúdóidh sé chomh maith na cearta agus na dualgais atá ag seantuismitheoirí (má tá siad ann). Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún páipéar comhairliúcháin ar an ábhar seo a fhoilsiú roimh dheireadh na bliana 2009.

### Aontíos Céileachais

I 2008 d'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí cuid a seacht den scéim ghinearálta an Bhille um Pháirtíocht Shibhialta 2008, bunaithe ar dhréacht an Bhille um Chomhionannais i dtuairsc an Choimisiúin ar cearta agus dualgais an Chomhionannais (LRC 82-2006) (an dara clár an athchóiriú dlí, tionscadal 30), tar éis faofa an Rialtais a fháil.

## 6. GRÚPAÍ SONRACHA AGUS SOGHONTA I SOCHAÍ ATÁ AG ATHRÚ

### Inniúlacht Meabhrach agus Caomhnóireacht

I 2008, d'fhoilsigh an Roinn *Dlí* agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí scéim an Bhille um Inniúlacht Meabhrach 2008, bunaithe ar dhréacht um Bhille Inniúlacht Meabhrach i dtuairsc an Choimisiúin ar dhaoine fásta shoghonta agus an Dlí (LRC 83-2006) (an dara clár an athchóiriú dlí, tionscadail 27 agus 28), tar éis formheas a fháil ón Rialtas. Molann an dréachtscéim chun an scéim coimircí cúirte a athrú, agus is é an Lunacy Regulation (Ireland) Act 1971 an príomhbhun reachtaíochta.

### Leanaí agus an Dlí

I 2008, thosaigh an Coimisiún tionscadal ar leanaí agus an Dlí (an tríú clár an athchóiriú dlí, tionscadal 26). Scrúdóidh an tionscadal seo raon eisiúintí, lena n-áirítear an aois ina bhfuil an leanbh inniúil ó thaobh cóir leighis de agus eisiúint rialúcháin an Idirlín. Tá an Coimisiún tiomanta do chinntiú a dhéanamh go gcuimsíonn fearais cuí maidir le dearcaí na ndaoine óga a fháil. Rachaidh an Coimisiún i dteaghmháil leis an Ombudsman do Leanaí ar an tionscadal seo chomh maith. Ta sé ar intinn ag an gCoimisiún Tuairisc ar eilimint an tionscadail seo a fhoilsiú a dhéileálann le toiliú le cóir leighis roimh dheireadh na bliana 2009.

### Gnéithe Dlíthiúla na gCúramóirí

I 2008, thosaigh an Coimisiún tionscadal nua ar ghnéithe dlíthiúla na gcúramóirí (an tríú clár an athchóiriú dlí, tionscadal 29). Scrúdóidh an tionscadal seo an mhéid a gcinntíonn an dlí seo go bhfuil caighdeáin cuí le haghaidh cúramóirí gairmiúla, go háirithe iadsan ceangailte i bhforáil cúraim do dhaoine leochaileacha. Cinnteodh an Coimisiún go dtógann an tionscadal seo cúntas d'obair faisnéise sláinte agus Cáilíocht Sláinte agus an tÚdarás um Fhaisnéis (HIQA). Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún páipéar comhairliúcháin ar an ábhar seo a fhoilsiú roimh dheireadh na bliana 2009.

## 7. TEICNEOLAÍOCHT, NUÁLAÍOCHT AGUS T-AONÁN

### Gnéithe Dlíthiúla na Bitheitice: Réamthreoracha Cúraim

I 2008, d'fhoilsigh an Coimisiún páipéar comhairliúcháin ar bhitheitic: réamhthreoracha cúraim (LRC CP 51-2008) (an tríú clár an athchóiriú dlí, tionscadal 30). Molann an páipéar comhairliúcháin go sealadach go bhfuil gá ann go bhfreastalaíonn Reachtaíocht do dhaoine a dhéanann réamhthreoracha cúraim, ó bhéal nó i scríbhinn. Leagann Réamthreoracha Cúraim amach mianta an duinefaoi rudaí a tharlódh i gcás timpiste éagumasaithe (mar shampla brúscán carranna tromchúiseacha) nó tinnis (mar shampla stróc nó rochtain galair Alzheimer) a chuireann deacracht ullmhór orthu a mianta a chur in iúl go díreach. Is iad seo a leanas na príomh-mholtaí atá sa pháipeár comhairliúcháin; nar chuimsíodh an Reachtaíocht beartaithe an eotanáis, féinmharú cuidithe nó cead a thabhairt do dhuine bonn aire a dhiúltú; bheadh sé ag déileáil le Réamthreoracha Cúraim amháin lena mbaineann diúltú cóireála, mar shampla; "Ní mhian liom a bheith cúitithe", féadfadh Réamthreoracha Cúraim, go ginearálta a bheith i scríbhinn nó i bhfocail agus bheadh ar a dhiúltíonn cóireáil saolchothaithe a bheith i scríbhinn, féadfadh an reachtaíocht beartaithe cead a thabhairt do dhuine cóireáil a dhiúltú ar fhoras reiligiúnacha, ba cheart misniú a thabhairt do duine chun comhairle liachta a fháil nuair atá Réamthreoracha Cúraim á dhéanamh, ach ba cheart é a bheith éigeantach i gcásanna lena mbaineann cóireáil saolchothaithe a dhiúltú.

Lainseáileadh páipéar comhairliúcháin ag an gcúigiú comhdháil geallsealbhóirí bliantúil, Bitheitic: Réamthreoracha Cúraim, a bhí ar siúl ar an 14 Deireadh Fómhair 2008. Bhí uachtarán an Choimisiúin mar chathaoirleach agus labhair sí faoi phríomheilimintí an pháipéir comhairliúcháin. Chuimsigh cainteoirí an comhdhála: Dr.Katherine Froggatt, (An Institiúid um Thaighde sláinte, cathair Lancaster, Sasana), Dr. Mary Keys (scoil dlí, Gaillimh), Dr. Doiminic Ó Brannagáin (Dochtúir Comhairleach i leigheas maolaitheach), an t0ollamh David Smith (comhairle bitheitice na hÉireann) agus Mr. Mervyn Taylor (ospidéal ospíse chairdiúla). D'oscail Máire Hoctor, TD an tAire Stáit do seanóirí, an Roinn Sláinte agus Leanaí an chomhairle. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún Tionscadal a fhoilsiú ar an ábhar seo i 2009.

### Príobháideacht

Tá An Bille um Príobháideacht 2006 bunaithe ar thuairisc an Choimisiúini ar phríobháideacht (LRC 57-1998) (an Chéad Chlár an athchóiriú dlí, mír 13) ag an dara céim i Seanad Éireann i 2008.

## 8. DLÍ CONARTHA AGUS DLÍ NA N-OIBLEAGÁIDÍ

### Ionpháirteacht agus cearta tríú páirtí

I 2008, d'fhoilsigh an Coimisiún Páipéar Comhairliúcháin ar Ionpháirteacht i gConradh: Cearta Tríú Páirtí (LRCCP 40-2006). Is gné fadbhunaithe de dhlí conartha é ionpháirteacht i gconradh. Ciallaíonn riail na hionpháirteachta gurb iad na daoine a rinne idirbheartaíocht ar chonradh (atá 'ionpháirteach' ann) amháin atá i dteideal a théarmaí a fhorfheidhmiú. Fiú amháin má bhíonn duine luaite sa chonradh – agus go bhfuil sé i gceist go mbeadh an conradh chun sochair dóibh – ní féidir leis an 'tríú páirtí' sin caingean dlí a thabhairt. Sa Pháipéar Comhairliúcháin seo, molann an Coimisiún go sealadach gur cheart, faoi réir ag teorainneacha áirithe, an riail i dtaca le hionpháirteacht i gconradh a athrú ionas go mbeadh tríú páirtí a mba léir go raibh sé ar intinn ag na páirtithe conartha go mbeadh an comhaontú chun sochair dó/di in ann caingean dlí a thabhairt mura gcuirfí an conradh i bhfeidhm i gceart. Cé go leanfaidh tionscadail coimpléascacha ar aghaidh ag teastáil caighdeán sonrach ó chonarthaí chun a fheidhmiúchán a rialú, féadfadh athchóiriú na rialach ionpháirteachta leanúint go simpliú téarmaí áirithe. Déanann an tionscadal tagart don chaoi go riabh an rial ionpháirteacht athchóirithe san Ríocht Aontaithe faoi Acht um chearta an tríú páirtí 1999, tá leaganacha nua ar fhoirgneamh na foirme chaighdeánach agus conarthaí innealtóireachta sibhialta níos simplí a úsáideadh san Ríocht Aontaithe agus beidh siad san Acht 1999.

De bhreis ar cheart ginearálta an tríú páirtí chun téarma conartha a chur i gcrích a bheartaítear ar mhaithe iad, cuimsíonn an Tionscadal mionmholtaí chun an rial ionpháirteacht a athchóiriú. Cuimsíonn na moltaí gur féidir leis an tríú páirtí a bheith sainaitheanta sa chonradh cibé acu ainm nó cur síos, ba cheart don pháirtí conarthach fanacht saor chun téarma sainráite a chuimsiú sa chonradh ag soláthar comhathraithe nó foircinn conartha, ba cheart na heisceachtaí faoin dlí coiteann agus eisceachtaí reachtiúla don rial ionpháirteacht a choinneáil ach iad a choinneáil faoi athchóiriú, ba cheart nach mbainfadh an reachtaíocht bheartaithe le conarthaí áirithe, mar shampla conarthaí fostaíochta, conarthaí áirithe a bhaineann le comhlachtaí agus conarthaí iompair éagsúla rialaithe ag gnásanna idirnáisiúnta; agus ba cheart (atá thuasluaite) páirtí conarthach a eisiamh nó "conraigh amach" na reachtaíochta beartaithe. Cuimsíonn an Tionscadal dréacht ar dlí na gconarthaí ar Bhille (ionpháirteacht i gconradh agus cearta tríú páirtí).

### Conarthaí Árachais

I 2008, thosaigh an Coimisiún tionscadal ar chonarthaí árachais (an tríú clár an athchóiriú dlí, tionscadal 34). Déanfaidh an tionscadal seo athbhreithniú ar na rialacha atá ann cheana maidir le chonarthaí árachais, mar shampla foirmiúlachtaí, neamhnochtadh ábhartha, clásail bhoinn conartha, agus coincheap leasa inárachais. Scrúdóidh an tionscadal an tairbhe a gheobhadh le chódú, ó pheirspictíochtaí éifeachtachta ghnó agus cosaint tomhaltóirí. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún páipéar comhairliúchain a fhoilsiú ar an ábhar seo roimh dheireadh an bliana 2009.

### Clúmhilleadh

I 2006, rith Seanad Éireann an Bille um Chlúmhilleadh 2006, bunaithe ar thuairisc an Choimisiúin ar an Dlí Sibhialta i dtaca le Clúmhilleadh (LRC 38-1991) agus an tuairisc ar Choir an Leabhail (LRC 41-1991) (an dá ag teacht ó iarratas ón Ard-Aighne i 1987 chun scrúdú a dhéanamh ar an ábhar.

### Dliteanas Sibhialta Samárach Maith agus Saorálach

I rith 2008, rinne an Coimisiún dul chun cinn suntasach ar thionscadal maidir le Dliteanas Sibhialta Samárach Maith agus Saorálach, ag leanúint ar aghaidh óna pháipéar comhairliúcháin ar Dhliteanas Sibhialta Samárach Maith agus Saorálach i 2007 (LRC CP 47-2007). Tarlaíonn an tionscadal de dhroim iarratas an Ard-Aighne i 2006 chun dualgas cúraim agus/nó caighdeán cúraim i ndlí na Samárach maith a mheas agus iad súid a chuireann seirbhísí saorálacha ar fáil, ar son na sochaí, agus an ceart go n-athrófar an dlí chun dualgas idirghabhála a fhorchur chun chuidiú leis an duine gortaithe nó duine atá faoi bhaol díobhála. I mí na Bealtaine 2008, chuir an Coimisiún seimineár ar súil ar an tionscadal le páirtithe leasmhara. Ta sé ar intinn ag an gCoimisiún Tuairisc ar an ábhar seo a fhoilsiú sa chéad leath den bhliain 2009.

## 9. DLÍ CÁNACH

Chuir an tAcht Airgeadais (Uimh.2) 2008, mír 98 agus sceideal 5, molta i bhfeidhm i dtuairisc an Choimisiúin ar ionchúisitheoir fioscach agus Cúirt Ioncaim (LRC 72-2004) (a thainig chun cinn ó iarratas an Ard-Aighne chun an ábhar a scrúdú) go ndéanfaidh binse neamhspleách scrúdú cibé acu an duine faoi dhliteanas pionóis sibhialta é le haghaidh sárú cánach nó reachtaíocht saothair.

## 10. AN tACHT UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ FORÁLACHA I lGHNÉITHEACHA 2008

Cuimsíonn An tAcht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008, lion eilimintí- mar shampla iadsan sa cheathrú cuid den Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí 2008, agus cuid a hocht den acht 2008 (dlí comharbais)- díorthaithe ó tograí an Choimisiúin a rinneadh don Rialtas maidir le gealltanas an dara clár um athchóiriú an dlí 2000-2007 chun Acht um Athchóiriú an Dlí Forálacha Ilghnéitheacha a hullmhú.

# CAIBIDIL 3

# ATHRÁITEAS AR AN DLÍ REACHTÚIL

## FORBHREATHNÚ

D'aontaigh an Coimisiún chun freagracht nua a thógáil air féin agus ábhar oibre maidir le Athráiteas ar an dlí Reachtúil i 2006. I mí Iúil 2007 d'fhoilsigh an Coimisiún Páipéar Comhairliúcháin ar Athráiteas ar an Dlí Reachtúil (LRC CP 45-2007), agus d'fhoilsigh an Coimisiún Tuairisc (LRC 91-2008). Mheas an Tuairisc na haighneachtaí a fuarathas mar gheall ar an gcomhairle, agus chuimsigh sé céad chlár athráitis do thréimhse 18 mí, um lár 2008 go deireadh 2009.

Thosaigh an obair ar ullmhúchán na nAthráiteas i bpróiseála focal (seachas XML,ar feitheamh ar fhorbairt áise ceapadóireachta XML), i gcomhréir leis an gCéad Chlár. Rinneadh dul chun cinn ar sheachaint reachtaíochta éillithe, na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, na hachtanna um Dhliteanas Sibhialta 1961, 1964 agus 1996, Reachtanna na dTréimhsí 1957, 1991 agus 2000 agus na hAchtanna nArm Tine 1925 go 2007 agus Reachtaíocht um Eitic in Oifigí Poiblí.

Rinne an Coimisiún comhaontú le TSO chun áis cheapadóireachta XML a chur ar fail, to chinntiú go dtabharfaidh athráiteas ar aird i XML, feicte mar an teanga rogha go haghaidh sealbhaíocht agus oibrithe leis an stór leictreonach reachtaíochta. Lean obair ar aghaidh tríd 2008 ar fhorbairt agus ar thástáil an chórais, arna oiriúnú ó chóras comhchosúil forbartha don tionscadal ar bhunachar sonraí an dlí reachtúil sa Ríocht Aontaithe.

Chun eagarthóireacht a chumasú i XML, bhí ar an stór leictreonach reachtaíochta ó 1922 go 1998 a nuashonrú. Chuir an Coimisiún tús le próiseas soláthair phoiblí do ghabháil sonraí agus uasmharcáil Achtanna na tréimhse seo, an conradh ar a bronnadh do Computerscript Ltd. Bhí obair an taisc beagnach críochnaithe ag deireadh na bliana 2008. Ghlac an Coimisiún chomh maith le soláthair phoiblí le haghaidh athrú stóir na nIonstram reachtúil agus orduithe don tréimhse cheanna, an conradh ar a bronnadh do Propylon Ltd. Críochnaíodh an obair seo i mí na Nollag 2008.

Lean an Coimisiún ar aghaidh chomh maith i bpáirtíocht an Ghasra Oibre ar ríomhreachtaíocht, le Roinn an Taoisigh mar Chathaoirleach. Bhí baint ag an ngrasa le haitheantais gníomhuithe chun dul chun cinn a dhéanamh do choincheap na ríomhreachtaíochta – ag úsáid teicneolaíocht chomhtháite agus in-idirmhalartaithe agus modhanna oibre chun feabhas a chur ar éifeachtacht úllmhícháin, foilseacháin agus nuashonrú reachtaíochta.

# CAIBIDIL 4

# AN tEOLAIRE REACHTAÍOCHTA

## FORBHREATHNÚ

Aistríodh freagracht as an Eolaire Reachtaíochta (ar a dtugtaí Táblaí Croineolaíocha na

Reachtanna roimhe seo) ó Oifig an Ard-Aighne go dtí an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí i mí Iúil 2007. Chuir Oifig an Ard-Aighne an ceann deireanach dá feidhmeanna cothabhála ar an Eolaire Reachtaíochta i bhfeidhm i mí Eanáir 2008 nuair a rinne sé uasdátú ar an Eolaire Reachtaíochtago 31 Nollaig 2005.

Tar éis aistriú na feidhme, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar ábhar an Eolaire Reachtaíochta láithreach  agus d'fhoilsigh an Coimisiún páipéar comhairliúcháin i mí Iúil 2008- An tEolaire Reachtaíochta: I dTreo Samhaile Dea-chleachtais.  Thosaigh an Coimisiún sa dara leath na bliana 2008, obair ar chríochnú an Eolaire Reachtaíochta ón chéad lá de mhí Eanáir 2006 le haghaidh foilseacháin.

Bhí soláthar freisin sa chonradh d'áis cheapadóireachta a rinneadh le TSO, d'áis i dtaca le ceapadóireacht agus cothabháil an Eolaire Reachtaíochta. Reachtáil an Coimisiún sraith cruinnithe freisin maidir lena chuid oibre ar an Eolaire Reachtúil. Lean obair ar an áis ar aghaidh i 2008.

# CAIBIDIL 5

# RIARACHÁN

## RÉAMHRÁ

Sa Chaibidil seo cuireann an Coimisiún síos ar na gnéithe riaracháin dá chuid oibre. Díríonn sé ar na socruithe agus tacaí riachtanacha riaracháin a chinntíonn gur féidir clár taighde an Choimisiúin a chur i gcrích. Tá struchtúr reatha an Choimisiúin leagtha amach in Aguisín E.

## COIMISIÚN

Uachtarán agus ceathrar Coimisinéirí atá ar an gCoimisiún. Is iad an Rialtas a cheapann na Coimisinéirí ar feadh téarma suas le cúig bliana, agus féadfar a gceapacháin a athnuachaint. Ar an gCoimisiún reatha tá beirt Choimisinéirí lánaimseartha agus triúr Choimisinéirí páirtaimseartha. Tá Uachtarán an Choimisiúin, an Breitheamh Uasal Catherine McGuinness, iarbhreitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí, ar dhuine de na Coimisinéirí lánaimseartha. Is aturnae í an Coimisinéir lánaimseartha eile, Patricia Rickard-Clarke, a bhí go dtí a ceapachán, ina comhpháirtí le McCann Fitzgerald, Aturnaetha. Is iad seo a leanas an triúr Coimisinéirí páirtaimseartha: an tOllamh Finbarr McAuley, Ollamh Jean Monnet le Dlí Coiriúil, An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath; Marian Shanley, Aturnae, Comhalta den Choimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú; agus Donal O'Donnell, Abhcóide Sinsearach.

Cinneann an Coimisiún ar ábhar an chláir athchóirithe dlí agus beartaíonn sé ábhar aschuir taighde an Choimisiúin (mar a bhíonn sna Páipéir Chomhairliúcháin agus Tuarascálacha). Déanann an Coimisiún maoirseacht freisin ar phleanáil, bainistíocht agus forfheidhmiú na dtionscadal Athráitis agus Eolaire Reachtaíochta. Déanann an Coimisiún na heochairchinntí riaracháin agus airgeadais ar fad. Buaileann na Coimisinéirí le chéile go foirmiúil mar chomhlacht ar a laghad uair sa mhí. Lena chois sin, buaileann a chuid ball le chéile go minic agus bíonn siad i gcumarsáid agus i gcomhairle leanúnach lena chéile agus le foireann an Choimisiúin.

## COISTE BAINISTÍOCHTA

Tá coiste bainistíochta an Choimisiúin comhdhéanta de Uachtarán an Choimisiúin, an Coimisinéir lánaimseartha, Ceannasaí Riaracháin agus Forbairt, an Stiúrthóir Taighde, an Bainisteoir Tionscadail um Athráiteas agus an Bainisteori Tionscadail um Eolaire Reachtaíochta. Buaileann an coiste bainistíochta le chéile ar bhunús rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar na príomhábhair cuí go léir a bhaineann le hoibriú éifeachtúil an Choimisiúin. Is é ceann de na príomh-freagrachtaí an Choimisiúin ná chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ar thargaidí a leagtar amach i bplean gnó bliantúil an Choimisiúin.

## FOIREANN RIARACHÁIN

Bhí foireann riaracháin an Choimisiúin comhdhéanta de Ceannasaí Riaracháin agus Forbairt agus foireann d'aon duine dheag i 2008.

Tá an fhreagracht iomlán ag an aonad riaracháin chun na tascanna riaracháin laistigh den Choimisiúin a chur i gcrích ó lá go lá. Go háirithe tá an t-Aonad freagrach as:

- Bainistiú, próiseáil agus tuairisciú a dhéanamh ar gach idirbheart airgeadais sa Choimisiún. Áirítear leis sin feidhm pháirolla an Choimisiúin a bhainistiú.
- Foirgnimh agus infreastruchtúr IT an Choimisiúin a bhainistiú
- Feidhm acmhainne daonna an Choimisiúin a bhainistiú
- Tacaíocht riaracháin a sholáthar do fheidhm thaighde an Choimisiúin
- Feidhmeanna éagsúla a chomhlíonadh i dtaca le seimineáir, comhdhálacha bliantúla, seoladh foilseachán agus priondáil Tuarascálacha agus Páipéar Comhairliúcháin

Is iad an Rúnaí/Ceannasaí Riaracháin agus baill eile den aonad riaracháin a chuireann na feidhmeanna seo i bhfeidhm, agus iad ag gníomhú faoi stiúir an Choimisiúin

Cuireann an tAonad Riaracháin tacaíocht ar fáil don fheidhm thaighde laistigh den Choimisiún. Is é a bhíonn i gceist leis seo de ghnáth ná socrú a dhéanamh do priontáil agus dáileadh fhoilseacháin an Choimisiúin agus pleanáil agus eagrú na dtascanna éagsúla a bhaineann le seoladh fhoileacháin an Choimisiúin. Bhí an tAonadh Riaracháin ag plé freisin le hullmhú seoltaí, seimineáir agus an Chomhdháil Bhliantúil.

Feictear i 2008 comhdhlúthú cóiríochta an Choimisiúin ag a ceanncheathrú i mbóthar Shelbourne, leis an bhfoireann go léir suite anois in aon fhoirgneamh amháin.

## FOIREANN THAIGHDE AGUS LEABHARLAINNE

Is é an príomhról atá ag foireann thaighde an Choimisiúin ná dréacht-théacsanna a fhorbairt le meas ag an gCoimisiúin chun go mbeadh ar a chumas a Chlár Rollach Oibre a chur i gcrích. San áireamh anseo bheadh ullmhú Pháipéir Scópála tosaigh don tionscadal, a leagfadh amach paraiméadair na réimsí faoi chaibidil. Níos déanaí sa tionscadal bheadh sé i gceist forbairt a dhéanamh ar Pháipéar Comhairliúcháin nó Tuarascáil agus, sa chás go measfadh an Coimisiún é a bheith cuí, Páipéar Seimineáir.

### Taighde-Athchóiriú Dlí

Tá an mheitheal thaighde faoi cheannas an Stiúrthóra Taighde agus tuairiscíonn an fhoireann thaighde go díreach chuige. Is é an tUasal Raymond Byrne, a bhíodh sa Scoil Dlí agus Rialtais, Ollscoil Chathair Átha Cliath, an Stiúrthóir Taighde faoi láthair. I rith 2008, bhí údarás ag an gCoimisiún 15 Taighdeoir Dlíthiúil lánaimseartha a fhostú chun a chur ar a chumas a Chlár Rollach Oibre a chur i gcrích. O am go chéile, téann an Coimisiún i gcomhairle freisin le saineolaithe seachtracha do thionscadail ar leith. D'fhéadfadh an Coimisiún Grúpaí Oibre a chur ar bun freisin, a bhuailfeadh lena chéile ar bhonn rialta le linn shaolré thionscadail ar leith.

Is í feidhm an Stiúrthóra Taighde meithleacha taighde a threorú agus a bhainistiú, agus comhairle agus cúnamh a thabhairt go ginearálta do na taighdeoirí féachaint le haschur agus caighdeán oibre cuí a chinntiú. Áirítear leis seo obair ghinearálta thaighde cúlra a dhéanamh, plépháipéir

axxxllmhú, dréachtdhoiciméid, dréacht-Pháipéir Chomhairliúcháin agus dréacht-Thuarascálacha a ullmhú le meas ag an gCoimisiún. Reachtálann an Stiúrthóir roinnt seimineár i rith na bliana do na taighdeoirí ar réimsí suime ar leith agus buaileann na taighdeoirí lena chéile mar ghrúpa chun tuairimí a mhalartú ar réimsí ar a bhfuil siad ag reachtáil taighde. Freastlaíonn taighdeoirí freisin ar chomhdhálacha ar réimsí ábhartha suime, lena n-áirítear seimineáir eagraithe ag an Ard-Aighne. Spreagtar Taighdeoirí Dlíthiúla freisin le foilsiú in irisleabhair ábhartha dlí le linn a gcuid ama leis an gCoimisiún lena n-áirítear ailt ag déileáil le réimsí ina bhfuil an taighdeoir gníomhach.

Tá an bainisteoir tionscadail Alma Clissmann mar cheannaire na foirne athráitis a bhainistíonn na triúr taighdeoirí a obríonn ar athráiteas. Is í Heather Mahon bainisteoir tionscadail na foirne Eolaire Reachtaíochta agus bainistíonn sí beirt taighdeoirí.

### Leabharlann

Is é an príomhról atá ag leabharlann an Choimisiúin, uirlis nach bhféadfadh an Coimisiún déanamh ina héagmais, ná soláthar a dhéanamh agus freagra a thabhairt ar riachtanais an Choimisiúin agus meithleacha taighde an Choimisiúin i leith seirbhísí leabharlainne agus faisnéise i bpáirt le leabharlanna agus soláthróirí faisnéise eile. Ar fhoireann na leabharlainne tá Bainisteoir/Leabharlannaí Faisnéise Dlíthiúla agus Catalógaí/Cúntóir Leabharlainne. Cuireann baill den Aonad Riaracháin cúnamh ar fáil freisin nuair a bhíonn gá leis.

Oibríonn an Bainisteoir/Leabharlannaí Faisnéise Dlíthiula i ndlúthchomhairle leis an Mheitheal Taighde agus leis na meithleacha Athráitis agus Eolaire Reachtaíochta chun go mbeadh teacht in am ar acmhainní nua cruachóipe agus leictreonacha. Scaiptear feasachán inmheánach ar fhorbairtí dlíthiúla reatha, ag díriú ar shealbhuithe nua leabharlainne, ar an bhfoireann ar fad ar bhonn sheachtainiúil. Tá cúnamh le fáil ag an mBainisteoir/Leabharlannaí Faisnéise Dlíthiúla ina ról ón gCatalógaí lánaimseartha.

## AIRGEADAS

### Ioncam agus Caiteachas

Tá an Coimisiún cistithe ag deontas i gcabhair ón Aire Airgeadais, ar mholadh an tArd-Aighne, agus fuarathas €3,553,673 mar dheontas i gcabhair i 2008. Fuarathas €8,277.88 ó díolachán foilseachán.

Bhí caiteachtas de €3,704,641 ar an gCoimisiún i 2008. Chlúdaigh an caiteachas tuarastail agus ciste pinsin na gCoimisinéirí agus na foirne, cíos agus costais oifige, forchostais, cothabháil leabharlann an Choimisiúin, cothabháil líonra IT an Choimisiúin agus costais priontála agus dáileacháin. Níor thabhaigh an Coimisiún aon mhallphionóis úis i rith 2007 faoin *Acht um Íoc Pras Cuntas 1997*.

## SOCRUITHE RIALACHAIS

Is ar an gCoimisiún atá freagracht agus cuntasacht fhoriomlán as gníomhaíochtaí an Choimisiúin. Tá cúnamh ag an gCoimisiún sa ról sin ón gCoiste Bainistíochta, an tAonad Riaracháin, na meithleacha taighde agus foireann na leabharlainne.

Leagann Ráiteas Straitéise an Choimisiúin, a luadh níos luaithe, síos cuspoirí an Choimisiúin thar shaolré an Ráitis. Ag leibhéal na heagraíochta, i gcomhréir leis na cuspóirí sa Ráiteas Straitéise, tá sraith spriocanna atá leagtha amach i Phlean Gnó Bliantúil an Choimisiúin. Tá spriocanna ráithiúla sa Phlean Gnó faoi gach cuspóir straitéiseach. Tá monatóireacht á dhéanamh ar bhonn rialta ag an gCoiste Bainistíochta ar an dul chun cinn atá déanta i mbaint amach na spriocanna sin agus athbhreithniú foirmiúil gach ráithe.

Déantar bainistiú ar fheidhmíocht ball aonair foirne trí chóras bainistíochta feidhmíochta do bhainisteoirí agus foireann araon. Tá státseirbhísigh faoin gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta. Don fhoireann eile ar fad tá a chóras bainistíochta feidhmíochta féin ag an gCoimisiún atá faoi chúram an Choimisinéara lánaimseartha.

Faoin nós imeachta cuntasaíochta reatha, tarraingítear airgead anuas ó Oifig an Ard-Aighne ar bhonn mhíosúil trí bhíthin Deontais-I-gCabhair. Faigheann an Coimisiún ioncam áirithe freisin ó dhíol foilseachán. Déanann an an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste monatóireacht ar bhonn bliantúil ar rialáil airgeadais inmheánach agus caiteachas an Choimisiúin. Tagann an Coimisiún freisin faoi iniúcadh ag Aonad Iniúctha Inmheánach Oifig an Ard-Aighne. Coinníonn an Coimisiún a Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí féin.

Coinníonn an Coimisiún clár bhainistíochta riosca a thugtar chun dáta ar bhonn rialta agus coimeádtar é faoi faoi athbhreithniú ag an gCoimisiún.

# AGUISÍN A

## TRÍÚ CLÁR ATHCHÓIRITHE DLÍ 2008-2014

### TIONSCDAIL ATÁ SAN ÁIREAMH SA TRÍÚ CLÁR ATHCHÓIRITHE DLÍ

**A. Córas Dlíthiúil agus Dlí Poiblí**

1. An Dlí Maidir le Giúiréithe
2. Forfheidhmiú Fiacha agus Urrú Leasanna ar Mhaoin Phearanta
3. Barántais Bhinse agus Barántais Chuardaigh
4. Teorainn le Caingne
5. Réiteach Malartach ar Dhíospoidí
6. Comhdhlúthú agus Athchóiriú ar Achtanna na gCúirteanna

**B. Dlí na Fianaise**

7. Fianaise Dhoiciméadach agus Teicneolaíocht
8. Clostrácht i gCásanna Sibhialta agus Coiriúla
9. Nochtadh Cásanna Cosanta Roimhré
10. Fianaise Fhóiréinseach
11. Fianaise Shaineolach

**C. Dlí Coiriúil**

12. Dlí Cionta Gnéasacha
13. An tÍospartach agus an Córas Ceartais Choiriúil
14. Daoine Soghonta agus an Córas Ceartais Choiriúil
15. Ceartas Íocshláinteach
16. Maidir le bunú Choiste Comhairleach um Chódú an Dlí Coiriúil, scrúdú ar cheisteanna ag eascairt sa chuid ghinearálta den dlí coiriúil
17. Dlí Dúnbhásaithe
18. Cosaintí sa Dlí Coiriúil
19. Cionta Neamhfhorásta

**D. Dlí Talún agus Maoine**

20. Tuilleadh Códaithe Reachtúil ar Dhlí Talún
21. Dlí Iontaobhas agus Tionscadal ar na hAchtanna Talún Socraithe
22. Léarscáil Bhóithre ríomhThíolacadh

**E. Dlí Teaghlaigh**

23. Gnéithe Dlíthiúla de Ghaoil Theaghlaigh
24. Foréigean Baile
25. Dlí Neamhnaithe sa 21ú Aois

**F. Grúpaí Sonracha i Sochaí atá ag Athrú**

26. Leanaí agus an Dlí
27. Aitheantas Inscne
28. Gnéithe Dlíthiúla de Dhaoine Nua agus Daoine atá ag Teacht Chun Cinn i Sochaí na hÉireann (Nósanna Imeachta Athaontuithe agus Saoránacht)
29. Gnéithe Dlíthiúla de Chúramóirí

**G. Teicneolaíocht, Nuálaíocht agus an Duine Aonair**

30. Gnéithe Dlíthiúla de Bhitheitic
31. Gnéithe Dlíthiúla de Atáirgeadh Daonna Cuidithe
32. Príobháideacht

**H. Dlí Tráchtála agus Dlí na nOibleagáidí**

33. Dírathú Conarthaí
34. Conarthaí Árachais
35. Damáistí i nDlí Conartha agus Torta

**I. Dlí Idirnáisiúnta**

36. Stádas Dlí Idirnáisiúnta i nDlí Intíre na hÉireann
37. Gnéite Dlí Sibhialta den Dlí ar Dhaoine ar Iarraidh

# AGUISÍN B

## GRÚPAÍ OIBRE AGUS BOIRD TIONSCADAIL

Mar a nótáladh i gCaibidil 1, faoin Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975, is féidir leis an gCoimisiún Grúpaí Oibre a chur ar bun chun réimsí ar leith dlí a scrúdú. Chomh maith leis na Grúpaí Oibre, a mbíonn cruinnithe acu ar bhonn rialta le linn shaolré thionscadail ar leith, tá grúpaí ad hoc (a mbíonn cruinnithe acu anois agus arís) curtha ar bun freisin ag an gCoimisiún le dul i gcomhairle leo faoi ábhair ar leith.

### SAINGHRÚPA AR AN BILLE UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ TALÚN AGUS TÍOLACTHA 2006

I 2006 ar iarratas an Ard-Aighne agus an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, rinnie an Coimisiún sainghrúpa a chomóradh chun cuidiú leis An Bille um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2006 a dréachtú, atá bunaithe ar an dréacht sa Tuairsc ar Athchóiriú an Dlí maidir leis an Dlí Talún agus an Dlí Tíolacais a Athchóiriú agus a Nuachóiriú (LRC 74-2005). Lean an sainghrúpa ar aghaidh ag bualadh le cheile i 2008 chun leasuithe son Bhille 2006 a phlé agus a mheas agus é ag dul tríd an Oireachtas.

**Baill den Sainghrúpa ar An Bille um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2006**

An Breitheamh Uasal Catherine McGuinness

An Coimisinéir Patricia TRickard-Clarke

Raymond Byrne, Stiúrthóir Taighde

An tOllamh John CW Wylie, Ollamh Dlí Ollscoil Cardiff

Seamus Carroll, Príomhoifigeach, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

Tracey O'Keeffe, Príomhoifigeach Cúnta, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

Chris Hogan, iar leas-chláraitheoir sinsearch, Clárlann na Talún

Bhí Áine Clancy mar Rúnaí/Taighdeoir don Ghrúpa i 2008.

## BORD TIONSCADAIL AR CHOMHDHLÚTHÚ AGUS ATHCHÓIRIÚ ACHTANNA NA gCÚIRTEANNA

Bhunaigh an Coimisiún Bord Tionscadail ar chomhdhlúthú agus athchóiriú Achtanna na gCúirteanna

i Mí Eanáir 2008. Is é seo comhthionscadal lena mbaineann an Coimisiún, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an tSeirbhís Chúirteanna.

### Baill den Bhord Tionscadail ar chomhdhlúthú agus athchóiriú Achtanna na gCúirteanna

An Breitheamh Uasal Catherine McGuinness, Uachtarán

An Coimisinéir Patricia TRickard-Clarke

Raymond Byrne, Stiúrthóir Taighde

Sean Barton, McCann FitzGerald, dlíodóirí (speisialtóir dréachtaithe don Bille Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na gCúirteanna)

Brian O'Neill, Príomhoifigeach, , an Rannóg um Polasaí an gcúirteanna, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

Noel Rubotham, Stiúrthóir athchóirithe agus forbartha, an tSeirbhís Chúirteanna.

Bhí Claire Bruton mar Rúnaí/Taighdeoir don Bhord Tionscadail i 2008.

## GRÚPA AD HOC AR CHOIMPLÉISC ÁRASÁN AGUS FORBAIRTÍ ILAONAD

I rith 2003 bhunaigh an Coimisiún Grúpa Coimpléasc Árasán agus Forbairtí Ilaonad. Bhuail an grúpa le chéile i 2008 chun dréacht-tuairisc an Choimisiúin ar Fhorbairtí Ilaonad a phlé.

### Baill den Ghrúpa Oibre ar Fhorbairtí Ilaonad

An Breitheamh Uasal Catherine McGuinness, Uachtarán

An Coimisinéir Patricia TRickard-Clarke

Raymond Byrne, Stiúrthóir Taighde

An tOllamh John CW Wylie, Ollamh Dlí Ollscoil Cardiff

Sheena M Beale, Dlíodóir

Marjorie Murphy, Dlíodóir

Jerry Sheehan, Dlíodóir

Bhí Áine Clancy mar Rúnaí/Taighdeoir ag cruinniú an Ghrúpa i 2008.

# AGUISÍN C

## COMHDHÁLACHA AGUS CUAIRTEANNA

Mar atá pléite i gCaibidil 1, bíonn Coimisinéirí ag freastal ar agus ag glacadh páirt go rialta i seimineáir agus comhdhálacha poiblí maidir le réimsí taighde ag baint leis an Dara Clár agus Clár Rollach Oibre an Choimisiúin. Coinnítear teagmhálacha le comhlachtaí athchóirithe dlí freisin trí fhreastal ar sheimineáir ábhartha agus trí chuairteanna ó chomhlachtaí athchóirithe dlí eile a eagrú. Seo a leanas *roinnt* de na comhdhálacha– agus caibidlí seachtracha eile a bhi ar bun - a ndearna Coimisinéirí agus taighdeoirí freastal orthu i rith 2008. Ina lán cásanna, cuireadh páipéir i láthair maidir le hobair an Choimisiúin.

| | |
|---|---|
| **18 Eanáir** | Cuairt ar an Office of Public Sector Information (OPSI ) London Eolaire Reachtaíochta/ríomh-Reachtaíochta |
| **05 Feabhra** | Freastal ar léiriú ó Ed Hicks, saineolaí Ceanadach in XML Uirlis dréachtaithe Oifig an Ard-Aighne Ríomh-Reachtaíochta |
| **06 Feabhra** | Iníonacha an Chaidrimh Carthanachta agus Ceardlann Gnéasachta Pairc an Chrocaigh, Baile Átha Cliath An Toilleadh |
| **13 Feabhra** | An Colaíste Ollscoile, Gaillimh, Daltaí LLM, Gaillimh, Athchóiriú Dlí |
| **07 Márta** | An Colaíste Ollscoile, Gaillimh, LLM i nDlí Poiblí, Gaillimh, Caomhnóireacht: Struchtúr nua do hAosaigh Shoghonta |
| **13 Márta** | Freastal ar léiriú ó saineolaí an Aontais Eorpaigh, Jacques Raybaut, ag ríomh-Reachtaíochta, Cleachta Trasteorann. Teach Laighean Ríomh-Reachtaíochta |
| **01 Aibreán** | Seoladh Foirmiúil Coimisiún an Dlí Thuaisceart Éireann Béal Feirste |
| **03 Aibreán** | Comhdháil an Earraigh Choláiste Síciatraithe na hÉireann Mullach Íde, Baile Átha Cliath, Inniúlacht Meabhrach, ceisteanna dlíthiúla agus eiticiúla. |
| **17 Aibreán** | Ceardlann Foras Ospíse na hÉireann, Pairc an Chrocaigh, Baile Átha Cliath |
| **18 Aibreán** | Áras an Uachtaráin, Comhlachtaí Athchóirithe Dlí |
| **09 Bealtaine** | Cruinniú Bliantúil Comhlachtaí Athchóirithe Dlí, Dún Éideann, Albain |
| **25 Bealtaine** | Coláiste Ríoga na Síciatraithe Comdháil Cheiltigh Dún Éideann, Albain Dlí Inniúlacht agus Cleachta thar na Ranna |
| **30 Meitheamh** | Cuairt ó Jim Emmerton Director British Columbia Law Institute, Canada |
| **22 Deireadh Fómhair** | Comhdháil Bhliantúil an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí Caisleán Bhaile Átha Cliath |
| **10 Samhain** | NDA comhchéime, Baile Átha Cliath, Scéim um Bhille Feidhmeannas Aigne 2008 |
| **08 Deireadh Fomhair** | RTE 'Today with Pat Kenny' - Réamhthreoracha Cúramh |

# AGUISÍN D

## LIOSTA D'FHOILSEACHÁIN AN CHOIMISIÚIN UM ATHCHÓIRIÚ DLÍ

**An Chéad Chlár chun Brainsí Áirithe den Dlí a Scrúdú D'fhonn iad a Athchóiriú** *(Nollaig 1976) (Prl 5984)*

**Páipéar Oibre Uimh 1-1977, An Dlí Maidir le Dliteanas Tógálaithe, Díoltóirí agus Léasóirí i leith Caighdeán agus Feiliúnacht Áitreabh** *(Meitheamh1977)*

**Páipéar Oibre Uimh 2-1977, An Dlí Maidir le Lánaois, Aois le Pósadh agus Roinnt Ábhar Gaolmhar** *(Samhain 1977)*

**Páipéar Oibre Uimh 3-1977, Dliteanas Sibhialta i leith Ainmhithe** *(Samhain 1977)*

**An Chéad Thuarascáil** *(Bhliantúil) (1977) (Prl 6961)*

**Páipéar Oibre Uimh 4-1978, An Dlí Maidir le Sárú Gealltanais Pósta** *(Samhain 1978)*

**Páipéar Oibre Uimh 5-1978, An Dlí Maidir le Caidreamh Collaí agus Mealladh agus Tearmannú Céile** *(Nollaig 1978)*

**Páipéar Oibre Uimh 6-1979, An Dlí Maidir le Meabhlú agus Mealladh agus Tearmannú Linbh** *(Feabhra 1979)*

**Páipéar Oibre Uimh 7-1979 An Dlí Maidir le Cailliúint Caidrimh Céile agus Cailliúint Seirbhísí Linbh** *(Márta 1979)*

**Páipéar Oibre Uimh 8-1979, Athbhreithniú Breithiúnach ar Ghníomh Riaracháin: Fadhb na Leigheasanna** *(Nollaig 1979)*

**An Dara Tuarascáil** *(Bhliantúil) (1978/79) (Prl 8855)*

**Páipéar Oibre Uimh 9-1980 An Riail in Aghaidh Clostráchta** *(Aibreán 1980)*

**An Tríú Tuarascáil** *(Bhliantúil) (1980) (Prl 9733)*

**An Chéad Thuairisc ar Dlí Teaghlaigh – Caidreamh Collaí, Meabhlú agus Tearmannú Céile nó Linbh, Cailliúint Caidreamh Céile, Díobháil Phearsanta do Leanbh, Meabhlú Linbh, Maoin Phósta agus Sárú Gealltanais Phósta** *(LRC 1-1981) (Márta 1981)*

**Páipéar Oibre Uimh 10-1981 Sainchónaí agus Gnáthchónaí mar Ghnéithe Nasctha in Easaontacht na nDlíthe** *(Meán Fomhair 1981)*

**An Ceathrú Tuarascáil** *(Bhliantúil) (1981) (Pl 742)*

**Tuarascáil ar Dhliteanas Sibhialta i leith Ainmhithe** *(LRC 2-1982) (Bealtaine 1982)*

**Tuarascáil ar Áitribh Lochtacha** *(LRC 3-1982) (Bealtaine 1982)*

**Tuarascáil ar Neamhdhlisteanacht** *(LRC 4-1982) (Meán Fómhair 1982)*

**An Cúigiú Tuarascáil** *(Bhliantúil) (1982) (Pl 1795)*

**Tuarascáil ar Lánaois, Aois Phósta agus Roinnt Ábhar Nasctha** *(LRC 5-1983) (Aibreán 1983)*

**Tuarascáil ar Aiseag Cearta an Phósta, agus Ábhair Ghaolmhara** *(LRC 6-1983) (Samhain 1983)*

**Tuarascáil ar Shainchónaí agus Gnáthchónaí mar Ghnéithe Nasctha in Easaontacht na nDlithe** *(LRC 7-1983) (Nollaig1983)*

**Tuarascáil ar Cholscaradh agus Abhair Ghaolmhara** *(LRC 8-1983) (Nollaig 1983)*

**An Séú Tuarascáil** *(Bhliantúil) (1983) (Pl 2622)*

**Tuarascáil ar Neamhniú Pósta** *(LRC 9-1984) (Deireadh Fómhair 1984)*

**Páipéar Oibre Uimh 11-1984 Aitheantas do Cholscarthaí agus Scarthaí Eacthracha** *(Deireadh Fómhair 1984)*

**An Seachtú Tuarascáil** *(Bhliantúil) (1984) (Pl 3313)*

**Tuarascáil ar Aitheantas do Cholscarthaí agus Scarthaí Eacthracha** *(LRC 10-1985) (Aibreán 1985)*

**Tuarascáil ar Fhuaidireacht agus Cionta Gaolmhara** *(LRC 11-1985) (Meitheamh 1985)*

**Tuarascáil ar Choinbhinsiún na Háige ar Ghnéithe Sibhialta de Fhuadach Leanbh Idirnáisiúnta agus Roinnt Ábhar Gaolmhar** *(LRC 12-1985) (Meitheamh 1985)*

**Tuarascáil ar Inniúlacht agus Inordaitheacht Céilí mar Fhinnéithe** *(LRC 13-1985) (Iúil 1985)*

**Tuarascáil ar Chionta faoi Achtanna Póilíní Bhaile Átha Cliath agus Cionta Gaolmhara** *(LRC 14-1985) (Iúil 1985)*

**Tuarascáil ar Chonarthaí Mionaoiseach** *(LRC 15-1985) (Lúnasa 1985)*

**Tuarascáil ar Choinbhinsiún na Háige ar Fhianaise a Thógáil Thar Lear i gCúrsaí Sibhialta nó Tráchtála** *(LRC 16-1985) (Lúnasa 1985)*

**Tuarascáil ar Dhliteanas Mionaoiseach i dTort agus Dliteanas Tuismitheoirí as Damáiste Déanta ag Mionaoisigh** *(LRC 17-1985) (Meán Fomhair 1985)*

**Tuarascáil ar Dhliteanas Dhaoine le Míchumas Intinne i dTort** *(LRC 18-1985) (Meán Fómhair 1985)*

**Tuarascáil ar Ghnéithe Dlí Idirnáisiúnta d'Inniúlacht Phósta agus Rogha Dlí in Imeachtaí Neamhnithe Pósta** *(LRC 19-1985) (Deireadh Fómhair 1985)*

**Tuarascáil ar Dhlínse in Imeachtaí Neamhnithe Pósta, Aitheantas d'Fhoraithní Eachtracha Neamhnithe Pósta, agus Coinbhinsiún na Háige ar Cheiliúradh agus Aitheantas do Bhailíocht Póstaí** *(LRC 20-1985) (Deireadh Fómhair 1985)*

**An tOchtú Tuarascáil** *(Bhliantúil) (1985) (Pl 4281)*

**Tuarascáil ar Reacht na dTréimhsí: Éilimh i Leith Díobhálacha Neamhfhollasa Pearsanta** *(LRC 21-1987) (Meán Fomhair 1987)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Eigniú** *(Nollaig 1987)*

**Tuarascáil ar Sheirbheáil Doiciméad Thar Lear re Imeachtaí Sibhialta – Coinbhinsiún na Háige** *(LRC 22-1987) (Nollaig 1987)*

**Tuarascáil ar Ghlacadh Maoine Goidte** *(LRC 23-1987) (Nollaig1987)*

**An Naoú Tuarascáil** *(Bliantúil) (1986-1987) (Pl 5625)*

**Tuarascáil ar Éigniú agus Cionta Bainteacha** *(LRC 24-1988) (Bealtaine 1988)*

**Tuarascáil ar an Riail in Aghaidh Clostrachta i gCásanna Sibhialta** *(LRC 25-1988) (Meán Fómhair 1988)*

**Tuarascáil ar Dhamáiste Mailíseach** *(LRC 26-1988) (Meán Fómhair 1988)*

**Tuarascáil ar Bhailiú Fiacha: (1) An Dlí Maidir le Sirriamaí** *(LRC 27-1988) (Deireadh Fómhair 1988)*

**An Deichiú Tuarascái***l (Bhliantúil) (1988) (PL 6542)*

**Tuarascáil ar Bhailiú Fiacha: (2) Forchoimeád Teidil** *(LRC 28-1988) (Aibreán1989)*

**Tuarascáil ar Aitheantas d'Fhoraithní Uchtaithe Eachtracha** *(LRC 29-1989) (Meitheamh 1989)*

**Tuarascáil ar Dhlí Talún agus Dlí Tíolactha: (1) Moltaí Ginearálta** *(LRC 30-1989) (Meitheamh 1989)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Mhí-úsáid Gnéis Leanaí** *(Lúnasa 1989)*

**Tuarascáil ar Dhlí Talún agus Dlí Tíolactha: (2) Cumhachtaí Aturnae Buanseasmhacha** *(LRC 31-1989) (Deireadh Fómhair 1989)*

**An tAonú Tuarascáil** *(Bliantúil) Déag (1989) (Pl 7448*

**Tuarascáil ar Mhí-úsaid Gnéis Leanaí** *(LRC 32-1990) (Meán Fómhair 1990)*

**Tuarascáil ar Chionta Gnéis in Aghaidh Daoine le Míchumas Intinne** *(LRC 33-1990) (Meán Fómhair 1990)*

**Tuarascáil ar Mhionna agus Dearbhascaí** *(LRC 34-1990) (Nollaig 1990)*

**Tuarascáil ar Fháltais ó Choiriúlacht a Choigistiú** *(LRC 35-1991) (Eanáir 1991)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar an Dlí Sibhialta Clúmhillte** *(Márta 1991)*

**Tuarascáil ar Choinbhinsiún na Háige ar Chomharbas ar Eastáit Dhaoine Marbha** *(LRC 36-1991) (Bealtaine 1991)*

**An Dara Tuarascáil** *(Bhliantúil) Déag (1990) (Pl 8292)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Dhíspeagadh Cúirte** *(Iúil 1991)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Choir an Leabhail** *(Lúnasa 1991)*

**Tuarascáil ar Innéacsú Fíneálacha** *(LRC 37-1991) (Deireadh Fómhair 1991)*

**Tuarascáil ar an Dlí Sibhialta Clúmhillte** *(LRC 38-1991) (Nollaig 1991)*

**Tuarascáil ar Dhlí Talún agus Dlí Tíolactha: (3) An Priacal ag Dul ón Díoltóir go dtí an Ceannaitheoir** *(LRC 39-1991) (Nollaig 1991)*; **(4) Seirbheáil Fógraí Comhlíonta** *(LRC 40-1991) (Nollaig 1991)*

**An Tríú Tuarascáil** *(Bhliantúil) Déag (1991) (Pl 9214)*

**Tuarascáil ar Choir an Leabhail** *(LRC 41-1991) (Nollaig 1991)*

**Tuarascáil ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe (Vienna) ar Chonarthaí Idirnáisiúnta Díol Earraí 1980** *(LRC 42-1992) (Bealtaine 1992)*

**Tuarascáil ar an Dlí maidir le Mímhacántacht** *(LRC 43-1992) (Meán Fómhair 1992)*

**Dlí Talún agus Dlí Tíolactha: (5) Tuilleadh Moltaí Ginearálta** *(LRC 44-1992) (Deireadh Fómhair 1992)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Dhaoradh** *(Márta 1993)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Dhliteanas Áititheoirí** *(Meitheamh 1993)*

**An Ceathrú Tuarascáil** *(Bhliantúil) Déag (1992) (PN 0051)*

**Tuarascáil ar Chionta Neamh-mharfacha in Aghaidh an Duine** *(LRC 45-1994) (Feabhra1994)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Chúirteanna Teaghlaigh** *(Márta 1994)*

**Tuarascáil ar Dhliteanas Áititheoirí** *(LRC 46-1994) (Aibreán 1994)*

**Tuarascáil ar Dhíspeagadh Cúirte** *(LRC 47-1994) (Meán Fómhair 1994)*

**An Cúigiú Tuarascáil** *(Bhliantúil) Déag (1993) (PN 1122)*

**Tuarascáil ar Choinbhinsiún na Háige ag Cur Deireadh le Riachtanas na Dlíthiúlachta do**

**Dhoiciméid Phoiblí Eachtracha** *(LRC 48-1995) (Feabhra 1995)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Mheisce mar Chosaint ar Chion Coiriúil** *(Feabhra 1995)*

**Tuarascáil ar Leasanna Díoltóra agus Ceannaitheora i dTalamh i rith na tréimhse idir Conradh agus Comhlíonadh** *(LRC 49-1995) (Aibreán 1995)*

**Scrúdú ar Dhlí Bannaí** *(LRC 50-1995) (Lúnasa1995)*

**An Séú Tuarascáil** *(Bhliantúil) Déag (1994) (PN 1919)*

**Tuarascáil ar Mheisce** *(LRC 51-1995) (Samhain 1995)*

**An Séú Tuarascáil** *(Bhliantúil) Déag (1995) (PN 2960)*

**Tuarascáil ar Dhaoradh** *(LRC 53-1996) (Lúnasa1996)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Príobháideachas: Faire agus Idircheapadh Cumarsáide** *(Meán Fómhair 1996)*

**Tuarascáil ar Dhíobhálacha Pearsanta: Íocaíochtaí Tréimhsiúla agus Socraithe Struchtúrtha** *(LRC 54-1996) (Nollaig 1996)*

**An tOchtú Tuarascáil (Bhliantúil) Déag** *(1996) (PN 3760)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Fhorfheidhmiú Thuarascáil na Háige ar Chosaint Leanaí agus Comhoibriú i Leith Uchtaithe Idir Thíortha, 1993 (***Meán Fómhair 1997)*

**Tuarascáil ar Dhlí Talún agus Dlí Tíolactha, (6) Tuilleadh Moltaí Ginearálta lena n-áirítear forghníomhú gníomhas** *(LRC 56-1998) (Bealtaine 1998)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Dhamáistí Forthromaithe, Eiseamláireacha agus Aiseagtha** *(Bealtaine 1998***)**

**An Naoú Tuarascáil** *(Bhliantúil) Déag (1997) (PN 6218)*

**Tuarascáil ar Phríobháideachas: Faire agus Idircheapadh Cumarsáide** *(LRC 57-1998) (Meitheamh 1998)*

**Tuarascáil ar Fhorfheidhmiú Choinbhinsiún na Háige ar Chosaint Leanaí agus Comhoibriú i Leith Uchtaithe Idir Thíortha, 1993** *(LRC 58-1998) (Meitheamh 1998)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Reachtanna na dTréimhsí: Éilimh i gConradh agus i dTort i Leith Dhamáiste Fhollasaigh (Seachas Díobháil Phearsanta) Samhain 1998) (**

**An Fichiú Tuarascáil (Bhliantúil)** *(1998) (PN 7471)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Dhréachtadh agus Léirmhíniú Reachtúil: Caint Shoiléir agus an Dlí** *(LRC CP14-1999) (July Iúil 1999)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Alt 2 den Acht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú), 1964: Asbhainteacht Sochar Comhthaobhach as Dámhachtainí Damáistí** *(LRC CP15-1999) (Lúnasa 1999)*

**Tuarascáil ar Chamghlacadh** *(LRC 59-1999) (Deireadh Fómhair 1999)*

**An tAonú Tuarascáil (Bhliantúil) is Fiche** *(1999) (PN 8643)*

**Tuarascáil ar Dhamáistí Forthromaithe, Eiseamláireacha agus Aiseagtha** *(LRC 60-2000) (Lúnasa 2000)*

**An Dara Clár chun brainsí áirithe den dlí a scrúdú d'fhonn iad a athchóiriú: 2000-2007** *(PN 9459) (Nollaig 2000)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Dhlí Thréimhsí Teorann i gcás Caingean ag éirí as Mí-úsáid Neamhghnéasach Leanaí** *(LRC CP16-2000) (Meán Fómhair 2000)*

**Tuarascáil ar Dhréachtadh agus Léirmhíniú Reachtúil: Caint Shoiléir agus an Dlí** *(LRC 61-2000) (Nollaig 2000)*

**Tuarascáil ar an Riail i gcoinne Suthaineachtaí agus Rialacha Gaolmhara** *(LRC 62-2000) (Nollaig 2000)*

**Tuarascáil ar Athrú Iontaobhas** *(LRC 63-2000) (Nollaig 2000)*

**Tuarascáil ar Reachtanna na dTréimhsí: Éilimh i gConradh agus i dTort i Leith Dhamáiste Fhollasaigh (Seachas Díobháil Phearsanta)** *(LRC 64-2001) (Márta 2001)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Dhúnbhású: Eilimint na hIntinne i nDúnmharú** *(LRC CP17-2001) (Márta 2001)*

**Seimineár ar Pháipéar Comhairliúcháin ar Dhúnbhású: Eilimint na hIntinne i nDúnmharú** *(LRC SP 1-2001)*

**An Tríú Tuarascáil (Bhliantúil) is Fiche** *(2000) (PN 10629)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Phionóis do Mhionchionta** *(LRC CP18-2002) (Márta 2002)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Achomhairc Ionchúisimh i gCásanna a Thionscnaítear ar Dhíotáil** *(LRC CP19-2002) (Bealtaine 2002)*

**Tuarascáil ar Innéacsú Fíneálacha: Abhbhreithniú ar Fhorbairtí** *(LRC 65-2002) (Iúil 2002)*

**An Tríú Tuarascáil (Bhliantúil) is Fiche** *(2001) (PN 11964)*

**Tuarascáil ar Éasúintí agus Brabúis à Prendre a Fháil trí Rúradh** *(LRC 66-2002) (Nollaig 2002)*

**Tuarascáil ar Theideal trí Sheilbh Chodarsnach ar Thalamh** *(LRC 67-2002) (Nollaig 2002)*

**Tuarascáil ar Alt 2 den Acht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú), 1964: Asbhainteacht Sochar Comhthaobhach as Dámhachtainí Damáistí** *(LRC 68-2002) (Nollaig 2002)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Nós Imeachta Athbhreithniú Breithiúnais** *(LRC CP20-2003) (Eanáir 2003)*

**Tuarascáil ar Phionóis do Mhionchionta** *(LRC 69-2003) (Feabhra 2003)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Thionóntachtaí Gnó** *(LRC CP 21-2003) (Márta 2003)*

**Tuarascáil ar Dlí Talún agus Dlí Tíolactha: (7) Cúnaint Dhearfa ar Thalamh Ruílse agus Moltaí Eile** *(LRC 70-2003) (Márta 2003)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Fiosrúcháin Poiblí Lena nÁirítear Binsí Fiosrúcháin** *( LRC CP 22 – 2003) (Márta 2003)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar an Dlí agus Daoine Scothaosta** *(LRC CP 23 – 2003) (Meitheamh 2003)*

**Tuarascáil ar Ionchúisitheoir Fioscach agus Cúirt Cánach** *(LRC CP 24 – 2003) (Iúil 2003)*

**Páipéar Comhairliúcháin maidir le Dlíthíocht Ilpháirtí (Caingne Aicmeacha)** *(LRC CP 25 – 2003) (Iúil 2003)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Mharú Corparáideach** *(LRC CP 26 – 2003) (Deireadh Fómhair 2003)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Dhúnbhású: Briogadh a Phléadáil** *(LRC CP 27 – 2003) (Deireadh Fómhair 2003)*

**Seimineár ar Pháipéar Comhairliúcháin: An Dlí agus Daoine Scothaosta** *(LRC SP 2-2003) (Samhain 2003)*

**An Ceathrú Tuarascáil (Bliantúil) is Fiche** *(2002)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Dhlí Ginearálta Thiarna Talún agus Tionónta** *(LRC CP 28 – 2003) (Nollaig 2003)*

**Tuarascáil ar Nós Imeachta Athbhreithniú Breithiúnach** *(LRC 71-2004) (Feabhra 2004)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Bhunú Bhunachar Sonraí DNA** *(LRC CP 29-2004) (2004)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Mhorgáistí Breithiúnais** *(LRC CP 30-2004) (Márta 2004)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Bhosca Déirce na Cúirte** *(LRC CP 31-2004) (Márta 2004)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Chearta agus Dualgais Dhaoine in Aontíos Céileachais** *(LRC CP 32-2004) (Aibreán 2004)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Achomhairc Ionchúisimh ó Phianbhreitheanna Ró-bhoga sa Chúirt Dúiche** *(LRC CP 33-2004) (Meitheamh 2004)*

**An Cúigiú Tuarascáil (Bhliantúil) is Fiche** *(2003) (Iúil 2004)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Athchóiriú agus Nuachóiriú ar Dlí Talún agus Dlí Tíolactha** *(LRC CP 34-2004)(Deireadh Fómhair 2004)*

**Tuarascáil ar Ionchúisitheoir Fioscach agus Cúirt Cánach** *(LRC 72 – 2004) (Nollaig 2004)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Dlí Iontaobhas – Moltaí Ginearálta** *(LRC CP 35-2005) (Feabhra 2005)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Dlí Iontaobhas Carthanais – Moltaí Ginearálta** *(LRC CP 36-2005) (Feabhra 2005)*

**An Séú Tuarascáil (Bhliantúil) is Fiche** *(2004) (Márta 2005)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Dhaoine Fásta Soghonta agus an Dlí: Inniúlacht** *(LRC CP 37-2005) (Bealtaine 2005)*

**Tuarascáil ar Fhiosrúcháin Phoiblí Lena nÁirítear Binsí Fiosrúcháin** *(LRC 73-2005) (Bealtaine 2005)*

**Tríocha Bliain d'Athchóiriú Dlí 1975-2005 (Léacht ag an mBreitheamh Uasal Ronan Keane chun Cothrom 30 bliain bhunú an Choimisiúin a chomóradh)** *(Meitheamh 2005)*

**Tuarascáil ar Athchóiriú agus Nuachóiriú Dlí Talun agus Dlí Tíolactha** *(LRC 74-2005) (Iúil 2005)*

**Tuarascáil ar Bhosca Déirce na Cúirte: Promhadh Ciontóirí** *(LRC 75-2005) (Meán Fómhair* **2005)**

**Tuarascáil ar Dhlíthíocht Ilpháirtí** *(LRC 76-2005) (Meán Fómhair 2005)*

**Tuarascáil ar Mharú Corparáideach** *(LRC 77-2005) (Deireadh Fómhair 2005)*

**Tuarascáil ar Bhunú Bhunachar Sonraí DNA** *(LRC 78-2005) (Samhain 2005)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Struchtúir Dhlíthiúla do Charthanais** *(LRC CP 38-2005) (Nollaig 2005)*

**Tuarascáil ar Ríomh-Thíolacadh: Samhaltú Chóras Tíolactha na hÉireann** *(LRC 79-2006) (Aibréan 2006)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Éigeantas agus Riachtanas** *(LRC CP 39-2006) (Aibreán 2006)*

**Tuarascáil ar Iontaobhais Charthanais agus Struchtúir Dhlíthiúla do Charthanais** *(LRC 80-2006) (Deireadh Fómhair 2006)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Ionpháirteacht i gConradh: Cearta Tríú Páirtí** *(LRC CP 40-2006) (Samhain 2006)*

**An Seachtú Tuarascáil (Bliantúil) Is Fiche** *(2005) (Samhain 2006)*

**Tuarascáil ar Achomhairc Ionchúisimh agus Éisteachtaí Réamhthrialacha** *(LRC 81-2006) (Samhain 2006)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Chosaint Dhlisteanach** *(LRC CP 41-2006) (Samhain 2006)*

**Tuarascáil ar Chearta agus Dualgais Dhaoine in Aontíos Céileachais** *(LRC 82-2006) (Nollaig 2006)*

**Tuarascáil ar Dhaoine Fásta Soghonta agus an Dlí** *(LRC 83-2006) (Nollaig 2006)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Fhorbairtí Ilaonad** *(LRC CP 42-2006) (Nollaig 2006)*

**Páipéar Comhailiúcháin ar Ghnéithe de Dhlí Uchtála Idir Thíortha** *(LRC CP 43-2007) (Márta 2007)*

**An tOchtú Tuarascáil (Bhliantúil) is Fiche** *(2006) (Aibreán 2008)*

**Páipéar Seimineáir ar an Tríú Clár Athchóirithe Dlí** *(LRC SP 3-2007)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Dhunorgain Ainneonach** *(LRC CP 44-2007) (Aibreán 2007)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Athráiteas ar an Dlí Reachtúil** *(LRC CP 42-2006) (Nollaig 2006)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Athchóiriú agus Comhdhlúthú Achtanna na gCúirteanna** *(LRC CP 46-2007) (Iúil 2007)*

**Tuarascáil ar Chiontuithe Spíonta** *(LRC 84-2007) Iúil 2007)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Dhliteanas Sibhialta 'Samárach Maith agus Saorálach** *(LRC CP 47-2007) (Samhain 2007)*

**Tuarascáil ar Dhlí Um thiarnaí talún agus tionóntaí** *(LRC LRC 85-2007) (Samhain 2007)*

**Tuarascáil ar an Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014** *(LRC 86-2007)*

**Tuarascáil ar Dhúnbhású: Dúbhású agus dunorgain Ainneonach** *(LRC 87-2008) (Eanáir 2008)*

**Tuarascáil ar Ionpháirteacht i gConradh: Cearta Tríú Páirtí** *(LRC 88-2008) (Feabhra 2008)*

**Tuarascál ar Ghnéithe de Dhlí Uchtála Idir Thíortha** *(LRC 89-2008) (Feabhra 2008)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Dhliteanas Neamhfhorásta** *(LRC CP48-2008) (Feabhra 2008)*

**Tuarascáil ar Fhorbairtí Ilaonad** *(LRC 90-2008) (Meitheamh 2008)*

**Tuarascáil ar Athráiteas ar an Dlí Reachtúil** *(LRC 91-2008) (Iúil 2008)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Eolaire Reachtaíochta: I dTreo Samhaile Dea-chleachtais** *(LRC CP-49 2008) (Iúil 2008)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Réiteach Malartach ar Dhíospóidí** *(LRC CP-50 2008) (Iúil 2008)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Bhitheitic: Réamhthreoracha cúraim** *(LRC CP-51 2008) (Deireadh Fómhar 2008)*

**Tuarascáil ar Dlí na nIontaobhas: Tógraí Ginearálta** *(LRC 92-2008) (Nollaig 2008)*

**Dréacht um Bhille iontaobhaí 2008** *(Aguisín don Tuarascáil)*

**Páipéar Comhairliúcháin ar Fhianaise Shaineolach** *(LRC CP-52 2008) (Nollaig 2008)*

# AGUISÍN E

## CAIRT EAGRAÍOCHTA



**COPYRIGHT**
LAW REFORM COMMISSION

**FIRST PUBLISHED** (ONLINE)
NOVEMBER 2008

**ISSN** 0332-0332-0499

**PRN A8/0231**

www.lawreform.ie

ADDRESS
35-39 Shelbourne Road Dublin 4 Ireland

TELEPHONE
+353 1 6377600

FAX
+353 1 6377601

EMAIL
info@lawreform.ie

WEBSITE
www.lawreform.ie

Is comhlacht reachtúil é an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí arna bhunú ag an Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975

LAW REFORM
COMMISSION/COIMISIÚN UM
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ